AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.5.2023
COM(2023) 237 final

2023/0140 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le bunú an Ghnímh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá fogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine ina léiriú ar an bhfilleadh ar choinbhleacht chríochach agus ar chogaíocht ard-déine i gcríoch na hEorpa. Cuireadh fórsaí armtha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh in oiriúint le deacáidí anuas chun misin ghasta síochánaíochta agus / nó forfheidhmithe síochána a dhéanamh, agus cuireadh pleanáil agus soláthar na gcóras cosanta in oiriúint de réir na réaltachta oibríochtúla sin.

Dá bhrí sin, tá acmhainneacht táirgeachta Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) curtha in oiriúint chun freagairt go príomha do riachtanais theoranta na mBallstát, maidir le línte deighilte náisiúnta den chuid is mó, mar gheall ar thearcinfheistíocht phoiblí le blianta fada anuas.

I gcás den sórt sin, is minic a bhí ar chuideachtaí cosanta rátaí táirgeachta a laghdú chun línte táirgeachta a choinneáil ar bun agus chun pearsanra oilte a choinneáil, agus líon teoranta córas cosanta á dtáirgeadh do chustaiméirí náisiúnta san am céanna.

Déantar comhthéacs an mhargaidh a dtugtar tuairisc air thuas a aisiompú mar gheall ar an staid coinbhleachta ard-déine atá tar éis filleadh. Mar a luadh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le hAnailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh (JOIN/2022/24 final), tá bearnaí cumais agus tionsclaíocha araon san Aontas de thoradh na tearcinfheistíochta sin. I mí Iúil 2022, thíolaic an Coimisiún an togra maidir leis an nGníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA), arb é is aidhm dó tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit le linn na céime soláthair chun na bearnaí is práinní agus is criticiúla a líonadh, go háirithe na bearnaí sin a cruthaíodh leis an bhfreagairt ar fhogha na Rúise atá ann faoi láthair, ar bhealach comhoibríoch. Rannchuideoidh EDIRPA le soláthar coiteann trealaimh cosanta a threisiú agus, trí bhíthin mhaoiniú comhlachaithe an Aontais, le cumais thionsclaíocha cosanta an Aontais a neartú agus chun tionscal cosanta an Aontais a oiriúnú d’athruithe struchtúracha sa mhargadh agus don éileamh méadaithe mar thoradh air sin mar gheall ar fhilleadh na cogaíochta ard-déine.

Tá bearnaí cumais éagsúla ann, ach i bhfianaise na staide san Úcráin, tá géarghá sonrach le harmlón talamh go talamh agus armlón airtléire, chomh maith le diúracáin mar a d’aithin an Chomhairle agus chomhaontaigh sí cur chuige trí rian an 20 Márta 2023. Chomhaontaigh an Chomhairle armlón talamh go talamh agus armlón airtléire a sheachadadh go práinneach chuig an Úcráin mar aon le diúracáin, má iarrtar sin, agus d’iarr sí ar na Ballstáit armlón a sholáthar go comhpháirteach agus má iarrtar sin, diúracáin, chun a gcuid stoc a athlíonadh agus, san am céanna, leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin. Iarrachtaí comhpháirteacha á ndéanamh chun a chur ar a gcumas do na mBallstát a gcuid stoc ídithe a athshlánú agus chun tacú leis an Úcráin, ós rud é nach féidir leo a bheith éifeachtach ach amháin más féidir le taobh soláthair an Aontais na táirgí cosanta is gá a sheachadadh in am, chuir an Chomhairle de chúram ar an gCoimisiún tograí nithiúla a thíolacadh chun tacú go práinneach le hacmhainneachtaí monaraíochta thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú, slabhraí soláthair a dhaingniú, nósanna imeachta éifeachtúla soláthair a éascú, aghaidh a thabhairt ar easnaimh in acmhainneachtaí táirgeachta agus infheistíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, buiséad an Aontais a shlógadh.

Tá tús curtha ag an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta le cumais mhonaraíochta thionscal an Aontais a mhapáil, lena n-áirítear i réimse an armlóin talamh go talamh agus an armlóin airtléire, chomh maith le diúracáin ('táirgí cosanta ábhartha'). Mar sin féin, cuireadh acmhainneachtaí táirgeachta laistigh d'earnáil thionscal cosanta an Aontais in oiriúint do ré na síochána agus san am céanna tá cuideachtaí cosanta na hEorpa ag tabhairt aghaidh ar mhéadú san éileamh i réimse na dtáirgí cosanta ábhartha, rud a fhágann go bhfuil orthu níos mó a tháirgeadh agus ar bhealach níos tapúla. An neamhréireacht sin idir riachtanas práinneach na bhfórsaí armtha agus an acmhainneacht táirgeachta teoranta atá ann faoi láthair, bíonn de thoradh air sin boilsciú praghsanna agus deacrachtaí freastal ar chustaiméirí, agus rioscaí lena ngintear saincheist maidir le slándáil an tsoláthair d'Fhórsaí Armtha na mBallstát agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do shlándáil shaoránaigh an Aontais. Ní hamháin go mbaineann sé sin le príomhchonraitheoirí ach leis an slabhra soláthair ar fad freisin, ar rud é arb ann dó go forleathan ar fud an Aontais i gcás táirgí cosanta ábhartha agus ina bhfuil roinnt FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe.

Cé gur gá do na Ballstáit orduithe daingne chuig EDTIB a áirithiú, is próiseas é borradh tionsclaíoch na cosanta a thógann am agus iarrachtaí i roinnt réimsí (acmhainní daonna, uirlisí meaisín, bainistiú an tslabhra soláthair, aimsiú amhábhar). Cé gur réamhchoinníoll iad orduithe daingne ó na Ballstáit d'aon infheistíocht de chuid an tionscail, is féidir leis an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh tríd an riosca a bhaint d'infheistíochtaí tionsclaíocha trí dheontais agus iasachtaí lena gceadófar oiriúnú níos tapúla d'athrú struchtúrach leanúnach sa mhargadh agus deireadh a chur leis na scrogaill atá ann cheana, rud a chuirfidh ar a chumas don tionscal níos mó a tháirgeadh agus ar bhealach níos tapúla feadh an tslabhra luacha.

Sa bhreis ar athneartú tionsclaíoch, tá gá le bearta breise chun feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú i réimsí ábhartha na dtáirgí cosanta, i gcomhréir le forálacha Airteagal 114 CFAE. Le horduithe daingne ó údaráis na mBallstát, beidh aghaidh le tabhairt ar na bacainní maidir leis an gcumas monaraíochta, amhábhair agus pearsanra oilte teoranta atá ann faoi láthair. Chun méid agus luas méadaithe na táirgeachta a áirithiú, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá ag an gCoimisiún leis an bhféidearthacht, i gcomhaontú leis na Ballstáit lena mbaineann, cuireadh a thabhairt d'eintitis dhlíthiúla glacadh le horduithe chun na táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh nó a sholáthar agus iad a chur in ord tosaíochta. Áiritheofar leis sin go n-úsáidfear na hacmhainneachtaí táirgeachta teoranta atá ann faoi láthair ar mhaithe le spriocanna polaitiúla arna leagan síos ag an gComhairle. Ar an gcaoi chéanna, le simpliú rialála beifear in ann maolú go sealadach ar na rialacháin agus ar an treoir atá ann cheana agus é mar chuspóir leis sin dlús a chur leis an táirgeadh. Foráiltear leis an nGníomh go háirithe maolú ar Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], chun an fhéidearthacht a bheith ann creatchonarthaí náisiúnta a oscailt do Bhallstáit eile gan tairiscint nua a eagrú i bhfianaise na fíorphráinne a bhaineann leis an staid agus i gcás nach leor na solúbthachtaí a chuirtear ar fáil le Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun leasanna slándála na mBallstát atá toilteanach páirt a ghlacadh i soláthar comhoibríoch a áirithiú. Leis an maolú sin beidh an fhéidearthacht ann d'aon oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann ceanglais tosaigh na gcreat-chomhaontuithe a bheith páirteach sa chreat-chomhaontú. Leanfaidh an creat-chomhaontú de bheith faoi réir phrionsabail na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe.

[1] Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lgh. 76-136).

Ar an gcaoi chéanna, agus chun dlús a chur le haistrithe armlóin agus diúracán laistigh den Aontas, ceadófar dóibh maolú ar Airteagal 4(1) de Threoir 2009/43/CE agus gan a bheith faoi réir réamhúdarú.

Chun a bheith iomaíoch, nuálach agus athléimneach, agus chun a bheith in ann borradh a chur faoina acmhainneachtaí táirgeachta, ní mór do EDTIB rochtain a fháil ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach araon. Agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais thábhachtacha airgeadais chun acmhainneachtaí táirgeachta a mhéadú, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá ag cuideachtaí cosanta, sa bhreis ar dheontais, le réitigh fiachais chun bearnaí idir orduithe na nAireachtaí Cosanta agus riachtanas sreafa airgid a líonadh. Mar sin féin, le beartais shriantacha iasachtaithe i dtreo earnáil an tionscail cosanta, cuirtear bac ar rochtain ar mhaoiniú do chuideachtaí cosanta san Aontas.

Beidh rochtain ag gnóthais i slabhra luacha na dtáirgí cosanta ábhartha ar mhaoiniú fiachais, chun dlús a chur leis na hinfheistíochtaí is gá chun acmhainneachtaí monaraíochta a mhéadú. Beidh sé d'aidhm ag an ionstraim rochtain ar mhaoiniú a éascú do chuideachtaí an Aontais i réimse an armlóin agus na ndiúracán. Ba cheart a áirithiú leis an Rialachán go háirithe go dtabharfar na coinníollacha céanna do na heintitis dhlítheanacha sin a thugtar d'eintitis dhlítheanacha eile, agus freagracht á ghlacadh ar aon chostas breise a thagann chun cinn go sonrach don chosaint. Déantar foráil sa Ghníomh maidir le bearta chun rochtain ar mhaoiniú a éascú, le gníomhaíocht shonrach incháilithe, agus faoi Shaoráid, an 'Ciste um Borradh' araon, lena moltar réitigh, mar aon le hinfheistíochtaí a ghiaráil, dlús a chur le hinfheistíochtaí agus an riosca a bhaineann leo a laghdú, ar infheistíochtaí iad a bhfuil gá leo chun acmhainneachtaí monaraíochta a mhéadú. Is tríd an mbainistíocht dhíreach nó indíreach a chuirfear an Ciste um Borradh chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Féachfaidh an Coimisiún ar an bhféidearthacht maidir le saoráid mheasctha a bhunú, lena n-áirítear faoi Chiste InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i ndlúthchomhar lena chomhpháirtithe cur chun feidhme. Iarratais riaracháin a bhaineann le saoráidí táirgeachta a phleanáil, a thógáil agus a oibriú, le hionchuir a aistriú laistigh den Aontas chomh maith le cáilíocht agus deimhniú táirgí deiridh, ba cheart déileáil leo ar an mbealach is tapúla is féidir ó thaobh an dlí de.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

An 20 Márta 2023, tháinig Comhairle an Aontais Eorpaigh ar chomhaontú maidir le cur chuige trí rian chun 'dlús a chur leis an seachadadh agus leis an soláthar comhpháirteach, agus é mar aidhm leis sin 1 mhilliún urchar d'armlón airtléire a sholáthar don Úcráin mar iarracht chomhpháirteach faoi cheann 12 mhí'. Ina theannta sin, d'iarr sí ar 'na Ballstáit armlón 155 mm, agus diúracáin, má iarrtar iad, a sholáthar go comhpháirteach don Úcráin ar an mbealach is tapúla is féidir roimh an 30 Meán Fómhair 2023 ó thionscal cosanta na hEorpa (agus ón Iorua), laistigh de na paraiméadair a shainítear i gcomhthéacs tionscadal de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint atá ann cheana nó trí thionscadail chomhlántacha fála comhpháirtí arna stiúradh ag Ballstát'. Ar deireadh, d'iarr sí ar an gCoimisiún 'tograí nithiúla a thíolacadh chun tacú go práinneach le borradh a chur faoi acmhainneachtaí monaraíochta thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú, slabhraí soláthair a dhaingniú, nósanna imeachta éifeachtúla soláthair a éascú, aghaidh a thabhairt ar easnaimh in acmhainní táirgeachta, agus infheistíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhuiséad an Aontais a shlógadh'.

Dúirt an Chomhairle freisin 'go n-eagrófar freisin cruinnithe rialta ar leibhéal na Stiúrthóirí Armála Náisiúnta leis an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta (an Coimisiún, SEGS, GEC) chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus ar na cumais thionsclaíocha

agus chun an dlúthchomhar riachtanach a áirithiú, go háirithe maidir le soláthar ó stoic, athbheartú tosaíochtaí i leith orduithe atá ann cheana agus na tionscadail éagsúla fála comhpháirtí, chun cur chun feidhme leordhóthanach na dtrí rian éagsúla a áirithiú'.

An 23 Márta 2023, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach 'go seasann an tAontas Eorpach go daingean agus go hiomlán leis an Úcráin agus go leanfaidh sé de thacaíocht láidir pholaitiúil, eacnamaíoch, mhíleata, airgeadais agus dhaonnúil a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá'. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an 'comhaontú sa Chomhairle maidir le harmlón talamh go talamh agus armlón airtléire a sheachadadh go práinneach chuig an Úcráin mar aon le diúracáin, má iarrtar sin, lena n-áirítear trí sholáthar comhpháirteach agus trí chistiú iomchuí a shlógadh lena n-áirítear tríd an tSaoráid Eorpach Síochána, agus é mar aidhm leis sin 1 mhilliún urchar d'armlón airtléire a chur ar fáil mar iarracht chomhpháirteach laistigh den 12 mhí amach romhainn'.

Beidh an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin comhlántach freisin leis an nGníomh um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA) agus réiteoidh sé an bealach don Chlár Eorpach Infheistíochta um Chosaint (EDIP) a bheidh ann amach anseo.

Dreasaíonn EDIRPA an comhar le linn chéim an tsoláthair, rud a théann chun tairbhe do na Ballstáit a sholáthraíonn na hítimí cosanta is práinní agus is criticiúla, agus dá bhrí sin tugtar infheictheacht mhéadaithe do mhonaróirí cosanta chun cabhrú leo oiriúnú d'athruithe struchtúracha. Mar gheall ar an ngéarchéim soláthair atá ann faoi láthair i réimse an armlóin, tá gá le gníomhaíocht bhreise lena ndíreofar ar thaobh an tsoláthair le haghaidh táirgí cosanta ábhartha. Dá bhrí sin, beidh an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin ag gabháil leis an mborradh is gá le haghaidh táirgí cosanta ábhartha, agus leis an nGníomh sin dreasófar agus simpleofar an borradh agus cuirfear dlús leis.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Comhlánóidh an Ionstraim tionscnaimh chosanta chomhoibríocha de chuid an Aontais atá ann cheana. Ginfear léi sineirgí agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint chomh maith le cláir eile de chuid an Aontais, amhail an Ciste Eorpach Cosanta, á gcur chun feidhme. Cuirfear an Ionstraim chun feidhme freisin i gcomhsheasmhacht iomlán le plean forbraíochta an Aontais um chumas lena sainaithnítear na tosaíochtaí maidir le cumas cosanta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, mar aon le hathbhreithniú comhordaithe bliantúil an Aontais ar chosaint, lena sainaithnítear *inter alia* deiseanna nua maidir le comhar cosanta. Sa chomhthéacs sin, féadfar a chur san áireamh freisin gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus ag comhpháirtithe eile i gcás ina bhfónfar leo do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus nach n-eisiafar leo rannpháirtíocht aon Bhallstáit.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é is aidhm don Rialachán seo freagrúlacht agus cumas EDTIB a neartú chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta ábhartha san Aontas a áirithiú. Chuige sin, leagtar síos sa rialachán creat chun sraith beart sonrach agus spriocdhírithe a chur chun feidhme chun dlús a chur leis an gcoigeartú tionscail d'athruithe struchtúracha. Tá an creat sin bunaithe ar dhá cholún, gach ceann acu ag comhfhreagairt do cheann de bhunúis dlí an Rialacháin seo.

- Tá an chéad cholún comhdhéanta de bhearta chun tacú le hathneartú tionsclaíoch ar fud na slabhraí soláthair a bhaineann le táirgí ábhartha cosanta a tháirgeadh san Aontas agus tá sé bunaithe ar Airteagal 173(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

  |Faoi láthair tá borradh tobann ar an éileamh ar thionscal cosanta an Aontais a bhfuil baint aige le táirgeadh táirgí cosanta ábhartha agus ní mór dó dul in oiriúint go práinneach don staid nua seo sa mhargadh. Beidh sé d'aidhm ag tacaíocht airgeadais an Aontais faoin gcolún seo iomaíochas agus athléimneacht Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) i réimse na dtáirgí cosanta ábhartha a threisiú, ionas go bhféadfar é a chur in oiriúint go práinneach don athrú struchtúrach i gcomhréir leis an gcéad fhleasc d'Airteagal 173(1) CFAE. Dá bhrí sin, leis an gcolún sin, tacaítear le tionscal an Aontais maidir lena mhéid táirgeachta a mhéadú, a aga seachadta a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill agus/nó tosca féideartha a d'fhéadfadh moill nó bac a chur ar sholáthar agus ar tháirgeadh táirgí cosanta ábhartha.

- I gcomhréir le hAirteagal 173(3) CFAE, eisiatar leis an gcolún sin aon chomhchuibhiú ar dhlíthe agus ar rialáil na mBallstát. Tá an dara colún comhdhéanta de bhearta comhchuibhithe chun infhaighteacht na dtáirgí cosanta ábhartha, a gcomhpháirteanna agus na hionchuir chomhfhreagracha a shainaithint, a mhapáil agus faireachán leanúnach a dhéanamh orthu, agus bearta chun ceanglais a bhunú chun infhaighteacht thráthúil agus mharthanach na dtáirgí cosanta ábhartha san Aontas a áirithiú agus tá sé bunaithe ar Airteagal 114 CFAE.

  Is cuspóir sáraitheach beartais phoiblí é slándáil chríoch an Aontais a áirithiú agus braitheann an tslándáil sin freisin ar infhaighteacht earraí agus seirbhísí cosanta i gcainníochtaí leordhóthanacha. Tá méadú mór ar an éileamh ar tháirgí cosanta ábhartha san Aontas mar thoradh ar an gcomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair. De bharr na staide sin, déantar difear d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir leis na táirgí sin agus lena gcomhpháirteanna agus cuirtear slándáil an tsoláthair i mbaol. Tá bearta déanta ag na Ballstáit, nó is dócha go ndéanfaidh siad bearta, chun a stoic féin de na táirgí sin agus dá gcomhpháirteanna a chaomhnú mar ábhar cosanta náisiúnta. Mar sin féin, tá sé cruthaithe maidir le reachtaíocht náisiúnta éagsúil, go háirithe maidir le deimhniú táirgí cosanta, aistriú táirgí agus comhpháirteanna gaolmhara laistigh den Aontas chomh maith le cur chun feidhme dhlí an Aontais ar bhealaí éagsúla, go mbíonn de thoradh ar an méid sin scrogaill do shlabhraí soláthair Eorpacha táirgí cosanta ábhartha agus bacainní ar idir-inoibritheacht. Mar thoradh air sin, is gá reachtaíocht chomhchuibhithe de chuid an Aontais a ghlacadh bunaithe ar Airteagal 114 CFAE chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, trí ghanntanais táirgí cosanta ábhartha san Aontas a sheachaint. Ba cheart a bheith i gceist leis na bearta sin 'táirgí cosanta atá criticiúil don soláthar' a shainaithint, acmhainneachtaí tionsclaíocha gaolmhara a mhapáil, orduithe atá rátáilte de réir tosaíochta, dlús a chur le nósanna imeachta um cheadú deontas nó nósanna imeachta soláthair a éascú. Ba cheart go mbeadh de thoradh ar na bearta sin a chomhcheangal go gcuirfí tairiscint mhéadaithe ar fáil i dtáirgí cosanta ábhartha agus a gcomhpháirteanna i ngach Ballstát, ar táirgí iad a bhfuil gá leo ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ba cheart dóibh teacht le chéile freisin chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta ábhartha san Aontas a áirithiú.

Ní féidir bonn cirt a thabhairt don dá chuspóir thuas le hAirteagail eile CFAE ná le gach airteagal ina aonar. Soláthraítear na gnéithe atá beartaithe in aon ghníomh amháin, ós rud é

gurb ionann na bearta uile agus cur chuige comhleanúnach chun aghaidh a thabhairt, ar bhealaí éagsúla, ar an ngá atá le héiceachóras cosanta an Aontais a neartú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Chun freagairt chuimsitheach a thabhairt ar an méadú tobann atá tagtha ar an éileamh ar tháirgí cosanta ábhartha, tá gá le gníomhaíocht mhear chomhordaithe ar an leibhéal Eorpach toisc nach bhfuil aon Bhallstát amháin in ann é sin a bhaint amach ina aonar. Ní féidir leis na Ballstáit, ina n-aonar, aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an riosca go dtarlódh suaitheadh mór i soláthar na dtáirgí cosanta sin de bharr éagothroime sa tairiscint agus éileamh sa mhargadh inmheánach. Bheadh baol ann go rachadh éifeacht na géarchéime soláthair in olcas mar gheall ar chur chuige neamhchomhordaithe trí éifeachtaí bíse praghsanna agus plódaithe ar na táirgí cosanta sin a spreagadh. Ina theannta sin, i bhfianaise acmhainneachtaí táirgeachta na dtáirgí cosanta ábhartha, tá iarmhairtí ghanntanas soláthair an Aontais chomh forleathan gur fearr is féidir aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin trí idirghabháil ar leibhéal an Aontais.

Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht de chuid an Aontais maidir leis na réimsí a dtugtar aghaidh orthu sa togra seo trína dá cholún.

- Maidir leis an gcéad cholún, is é is aidhm do na bearta atá beartaithe dlús a chur le hinfheistíochtaí in acmhainneachtaí monaraíochta na dtáirgí cosanta ábhartha san Aontas, agus athléimneacht EDTIB á spreagadh san am céanna trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann agus trí chomhar cuideachtaí ábhartha i gcomhiarracht tionscail ionas nach rachaidh ilroinnt na slabhraí soláthair in olcas. Ní féidir tacaíocht agus dreasachtaí airgeadais a dhearadh agus a chur chun feidhme go leordhóthanach ar leibhéal an Aontais ach amháin i bhfianaise an ghá atá le EDTIB a oiriúnú d’athruithe struchtúracha. Tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht go bhfuil táirgeoirí cosanta na dtáirgí cosanta ábhartha scaipthe go forleathan ar fud an Aontais agus go bhfuil siad comhdhéanta de roinnt FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe.
- Maidir leis an dara colún, leis na bearta dá bhforáiltear faoi, freastalófar ar an margadh inmheánach, neartófar athléimneacht EDTIB, agus ráthófar slándáil an tsoláthair. Leis na bearta atá dírithe ar infhaighteacht na dtáirgí cosanta ábhartha, a gcomhpháirteanna agus na n-ionchur comhfhreagrach san Aontas a shainaithint, a mhapáil agus faireachán leanúnach a dhéanamh orthu, áiritheofar an bailiú faisnéise is gá ar leibhéal an Aontais agus cuirfear ar a gcumas don Choimisiún agus do na Ballstáit ganntanais a dhéanann difear do shlándáil sholáthar na dtáirgí cosanta sin a réamh-mheas. Leis na bearta atá dírithe ar cheanglais a bhunú chun infhaighteacht thráthúil agus mharthanach na dtáirgí cosanta ábhartha a áirithiú, cuirfear ar a gcumas do na Ballstáit agus don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar na ganntanais agus na scrogaill sna slabhraí soláthair ar bhealach níos éifeachtaí ná trí mheascán de bhearta náisiúnta.

- **Comhréireacht**

Ós rud é gur staid gheopholaitiúil í seo nach bhfacthas a leithéid riamh agus gur bagairt mhór í do shlándáil an Aontais, is léir go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais. Tá an cur chuige beartais atá beartaithe comhréireach le scála agus tromchúis na bhfadhbanna a sainaithníodh i.e., an gá a áirithiú go ndéanfar roinnt de na táirgí cosanta a bhfuil géarghá ag na Ballstáit leo a sheachadadh go tráthúil. Ní théann na bearta a leagtar amach sa togra thar a bhfuil riachtanach chun a gcuspóirí a bhaint amach, tá siad

comhréireach leis na cuspóirí sin agus urramaíonn siad teorainneacha na hidirghabhála a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh faoi na Conarthaí. Ní mór iad a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, lena n-áirítear, i gcomhthéacs an teorannaithe ar chearta bunúsacha i gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha.

- **An rogha ionstraime**

Is é Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mholann an Coimisiún. Is é Rialachán an ionstraim dlí is oiriúnaí óir is le Rialachán, agus leis sin amháin, lena fhorálacha dlí atá infheidhme go díreach, a fhéadfar an leibhéal aonfhoirmeachta is gá a chur ar fáil chun Ionstraim de chuid an Aontais a chur ar bun agus a oibriú lena ndíreofar ar atreisiú earnála tionsclaíochta a chur chun cinn ar fud na hEorpa mar aon le slándáil an tsoláthair maidir le táirgí ar leith a áirithiú. Le Rialachán atá infheidhme go díreach, féadfaidh a áirithiú freisin gur féidir na bearta atá beartaithe a chur chun feidhme sa ghearrthéarma chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais atá leagtha amach sa togra.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní ann don reachtaíocht faoi láthair lena gcumhdaítear an ghníomhaíocht shonrach seo ná a bhaineann léi. Go dtí seo, ní raibh aon tionscnamh reachtach eile de chuid an Aontais ann i réimse na cosanta chun tacú le borradh a chur faoi acmhainneachtaí táirgeachta, chun agaí seachadta a laghdú agus chun dul i ngleic le ganntanais soláthair. Ar an ábhar sin, ní ann do mheastóireacht ex post roimhe seo nó do sheiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht atá ann cheana a cuireadh i gcrích i gcás tionscnamh reachtach den sórt seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar íogaireacht pholaitiúil an togra agus ar an bpráinn a bhaineann leis an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh na comhreachtóirí é a ghlacadh go tráthúil, ní fhéadfaí comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

I ngeall ar an bpráinn a bhaineann le hacmhainneachtaí táirgeachta na dtáirgí cosanta ábhartha a mhéadú agus lena slándáil soláthair a áirithiú, níl measúnú tionchair foirmiúil ag gabháil leis an togra seo. Ní fhéadfaí an doiciméad sin a chur i gcrích sa tréimhse a bhí ar fáil sula nglacfaí an togra. Sa togra, baintear leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ón Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir leis an anailís ar bhearnaí infheistíochta i réimse na cosanta agus an bealach chun tosaigh an 18 Bealtaine 2022 agus cuirtear leis an obair a rinneadh faoi chuimsiú an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta, a bunaíodh díreach tar éis fhoilsiú na Teachtaireachta Comhpháirtí a luaitear thuas. Cuireann an Coimisiún síos an togra seo le haghaidh Rialacháin gan measúnú tionchair a chur san áireamh, chun go bhféadfar é a chur chun feidhme go pras tráth nach déanaí ná an 26 Aibreán 2023. Tá teorainn ama leis an togra agus tá foráil ann lena gceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Meastar nach méadófar an t-ualach riaracháin leis an Ionstraim.

- **Cearta bunúsacha**

Is cuspóir leasa ghinearálta é slándáil shaoránaigh an Aontais a áirithiú, ar féidir leis rannchuidiú lena gcearta bunúsacha chun na beatha a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) agus leis an tsaoirse agus leis an tslándáil i gcomhréir le hAirteagal 6 den Chairt.

Ar an taobh eile, foráiltear le hAirteagal 16 den Chairt maidir le saoirse fiontraíochta agus le hAirteagal 17 den Chairt maidir leis an gceart chun maoine.

Tá gá le roinnt beart faoi cholún 2 chun aghaidh a thabhairt ar bhristeacha tromchúiseacha a dhéanann difear do sholáthar na dtáirgí cosanta ábhartha san Aontas agus d’fhéadfaí teorannú sealadach a chur ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus ar an tsaoirse conartha, a chosnaítear le hAirteagal 16 agus ar an gceart chun maoine, atá faoi chosaint Airteagal 17 den Chairt. I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, déanfar foráil sa dlí maidir le haon teorannú ar na cearta sin sa togra seo agus déanfar inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú, bainfear amach cuspóir leas an phobail maidir le slándáil agus comhlíonfar prionsabal na comhréireachta leis.

An oibleagáid faisnéis shonrach a nochtadh don Choimisiún, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe, urramaítear léi bunbhrí na saoirse chun gnó a sheoladh agus ní dhéanfar difear díréireach don tsaoirse chun gnó a sheoladh léi (Airteagal 16 den Chairt). Fónann aon iarraidh ar fhaisnéis do chuspóir leasa ghinearálta an Aontais ionas gur féidir bearta maolaithe féideartha a shainaithint maidir le ganntanais a dhéanann difear do tháirgí cosanta ábhartha atá fíor-riachtanach chun slándáil an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú. Is iomchuí agus éifeachtach na hiarrataí faisnéise sin chun an cuspóir a bhaint amach tríd an bhfaisnéis is gá a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair. I bprionsabal, ní iarrann an Coimisiún ar eagraíochtaí ionadaíocha ach an fhaisnéis is inmhianaithe a thabhairt agus ní fhéadfaidh sé iarrataí a eisiúint chuig gnóthais aonair ach amháin má tá gá leis sin sa bhreis ar an bhfaisnéis is inmhianaithe. Ós rud é nach bhfuil faisnéis faoi staid an tsoláthair ar fáil ar bhealach eile, níl aon bheart chomh héifeachtach céanna ann chun an fhaisnéis is gá a fháil le go mbeidh cinnteoirí Eorpacha in ann gníomhaíocht mhaolaithe a dhéanamh. I bhfianaise iarmhairtí tromchúiseacha geopholaitiúla agus slándála a eascraíonn as ganntanas táirgí cosanta áirithe agus thábhacht na ngníomhaíochtaí maolaithe dá réir, tá iarrataí ar fhaisnéis i gcomhréir leis an aidhm inmhianaithe. Ina theannta sin, fritháirítear an teorannú ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an ceart chun maoine le coimircí iomchuí. Ní fhéadfar aon iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh ach amháin i gcás táirgí is gá chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh, ar táirgí iad a shainaithníonn an Coimisiún go sonrach trí ghníomh cur chun feidhme gur táirgí iad a ndéanann géarchéim soláthair difear dóibh.

Leis an oibleagáid glacadh le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo agus tosaíocht a thabhairt dóibh, urramaítear bunbhrí na saoirse chun gnó a sheoladh agus na saoirse conartha (Airteagal 16 den Chairt) agus an chirt chun maoine (Airteagal 17 den Chairt) agus ní dhéanfaidh sí difear díréireach do na saoirsí agus don cheart sin. Fónann an oibleagáid sin do chuspóir leasa ghinearálta an Aontais maidir le slándáil trí aghaidh a thabhairt ar shuaití i soláthar na dtáirgí cosanta ábhartha. Tá an oibleagáid iomchuí agus éifeachtach chun an cuspóir sin a bhaint amach trína áirithiú go n-úsáidtear na hacmhainní atá ar fáil go fabhrach chun na táirge cosanta ábhartha sin a tháirgeadh. Níl aon bheart chomh héifeachtach céanna léi. A mhéid a bhaineann le táirgí a shainaithnítear mar tháirgí a ndéanann géarchéim soláthair difear dóibh agus a chuireann cuspóirí thuasluaite an leasa ghinearálta agus an chirt bhunúsaigh i mbaol, tá sé comhréireach iallach a chur ar ghnóthais atá ar conradh i gcomhthéacs soláthar comhpháirteach Ballstát nó gnóthais a bhfuil baint acu le slabhra

soláthair na dtáirgí sin glacadh le horduithe áirithe agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Le coimircí iomchuí áirithítear nach sárú ar na cearta sin atá i gceist le haon tionchar diúltach a bheadh ag oibleagáid maidir le tosaíocht ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh, ar an tsaoirse conartha ná ar an gceart chun maoine. Ní fhéadfar aon oibleagáid maidir le tosaíocht a thabhairt d'orduithe áirithe a sheoladh ach amháin le haghaidh táirgí a shainaithníonn an Coimisiún agus trí ghníomh cur chun feidhme go ndéanann géarchéim soláthair difear dóibh. Féadfaidh an gnóthas lena mbaineann iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis mura bhfuil sé in ann an t-ordú a dhéanamh nó más rud é gcuirfeadh ualach eacnamaíoch míréasúnta air dá ndéanfadh sé é agus dá mbeadh cruatan ar leith i gceist leis. Ina theannta sin, tá ábhar na hoibleagáide díolmhaithe ó aon dliteanas i leith damáistí as sárú oibleagáidí conarthacha a eascraíonn as comhlíonadh na hoibleagáide. Ar deireadh, ní bheidh an Rialachán seo infheidhme ach ar feadh tréimhse teoranta a mbeidh gá léi chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a athbhunú agus chun an tionscal a oiriúnú d'athruithe struchtúracha.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 500 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Rialachán a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó dháta a theacht i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2025.

Tá an tionchar ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil, i dtaca leis na hacmhainní buiséid agus daonna is gá, sonraithe sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra agus comhlíonfar é ó na hacmhainní atá ar fáil sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta ar an Ionstraim a tharraingt suas agus í a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2024. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin go háirithe ar an dul chun cinn atá déanta chun na cuspóirí a leagtar amach sa togra a bhaint amach. Ina theannta sin, agus an tuarascáil mheastóireachta á cur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún tograí a thíolacadh maidir le haon leasú iomchuí ar an Rialachán seo, go háirithe d'fhonn leanúint d'aghaidh a thabhairt ar aon riosca leanúnach i ndáil leis na táirgí cosanta ábhartha a sholáthar.

2023/0140 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le bunú an Ghnímh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 114 agus 173(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, rinneadh tionscal cosanta agus margadh trealaimh na hEorpa a thástáil agus fuarthas gurbh ann do roinnt fabhtanna. Baineann na fabhtanna sin an bonn óna gcumas riachtanais phráinneacha na mBallstát maidir le táirgí agus córais chosanta amhail armlón agus diúracáin a chomhlíonadh ar an mbealach slán agus tráthúil is gá, i bhfianaise ráta ard tomhaltais na dtáirgí nó na gcóras sin le linn coinbhleacht ard-déine.

(2) Ón 24 Feabhra 2022 i leith, tá an tAontas agus a Bhallstáit ag cur dlús de réir a chéile lena n-iarrachtaí chun freastal ar riachtanais phráinneacha cosanta na hÚcráine. Ina theannta sin, sa chomhthéacs sin, agus iad ag dul i ngleic le héagobhsaíocht, le hiomaíocht straitéiseach agus le bagairtí slándála a bhí ag dul i méid, ag teacht le chéile dóibh in Versailles an 11 Márta 2022, chinn Cinn Stáit nó Rialtais an Aontais, níos mó freagrachta a ghlacadh as slándáil an Aontais féin agus céimeanna cinntitheacha breise a ghlacadh chun ceannasacht na hEorpa a fhorbairt. Gheall siad ‘cumais chosanta Eorpacha a neartú’, chomhaontaigh siad caiteachais chosanta a mhéadú, dlús a chur leis an gcomhar trí thionscadail chomhpháirteacha, agus trí sholáthar comhoibríoch cumas cosanta, easnaimh a dhúnadh, borradh a chur faoin nuálaíocht agus tionscal cosanta an Aontais a neartú agus a fhorbairt. An 21 Márta 2022, d’fhormheas an Chomhairle an ‘Compás Straitéiseach ionas gur láidre a bheidh slándáil agus cosaint an Aontais sna 10 mbliana amach romhainn’, agus d’fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach é ina dhiaidh sin an 24 Márta 2022. Leagtar béim sa Chompás Straitéiseach ar an ngá atá le caiteachas cosanta a mhéadú agus tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i gcumais, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

(3) Chuir an Coimisiún agus an tArdionadaí Teachtaireacht Chomhpháirteach i láthair maidir le ‘Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh’ an 18 Bealtaine 2022 inar cuireadh i dtábhacht gurbh ann do bhearnaí

[2] IO C , , lch. .

airgeadais, tionsclaíocha agus cumais i réimse na cosanta laistigh den Aontas Eorpach. I mí Iúil 2022, thíolaic an Coimisiún an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (EDIRPA), arb é is aidhm dó tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit ag céim an tsoláthair chun na bearnaí is práinní agus is criticiúla a líonadh, go háirithe na bearnaí sin a cruthaíodh leis an bhfreagairt ar fhogha na Rúise faoi láthair, ar bhealach comhoibríoch. Rannchuideoidh EDIRPA le soláthar cosanta coiteann a atreisiú agus, trí bhíthin an mhaoinithe ón Aontas a ghabhann leis, chun acmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta an Aontais a neartú agus chun tionscal cosanta an Aontais a oiriúnú d'athruithe struchtúracha ar an margadh a eascraíonn as éileamh méadaithe i ngeall ar dhúshláin nua, amhail coinbhleacht ard-déine a bheith ann athuair.

(4) I bhfianaise na staide san Úcráin agus na riachtanas práinneach cosanta atá aici, go háirithe le haghaidh armlón, tháinig Comhairle an 20 Márta 2023 ar chomhaontú maidir le cur chuige trí rian, lena ndírítear ar mhilliún urchar d'armlón airtléire a chur ar fáil don Úcráin mar iarracht chomhpháirteach laistigh den bhliain atá amach romhainn. D'aontaigh sí armlón ó talamh go talamh agus airtléire a sheachadadh go práinneach don Úcráin agus, má iarrtar sin, diúracáin ó na stoic atá ann cheana nó athbheartú tosaíochtaí i leith orduithe atá ann cheana. Ina theannta sin, d'iarr sí ar na Ballstáit armlón a sholáthar go comhpháirteach agus diúracáin a fháil go comhpháirteach ó thionscal cosanta na hEorpa (agus ón Iorua) i gcomhthéacs tionscadail reatha de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) nó trí thionscadail chomhlántacha fála faoi stiúir na mBallstát, d'fhonn a gcuid stoc a athlíonadh agus leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin an tráth céanna. Chun tacú leis na hiarrachtaí sin, chomhaontaigh an Chomhairle cistiú iomchuí a chur ar fáil, lena n-áirítear tríd an tSaoráid Eorpach Síochána. Chuir an Chomhairle de chúram ar an gCoimisiún freisin tograí nithiúla a thíolacadh chun borradh a chur faoi thacaíocht phráinneach d'acmhainneachtaí monaraíochta thionscal cosanta na hEorpa, slabhraí soláthair a dhaingniú, nósanna imeachta éifeachtúla soláthair a éascú, aghaidh a thabhairt ar easnaimh in acmhainneachtaí táirgeachta, agus infheistíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhuiséad an Aontais a shlógadh. Tá an dara ceann riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíonfar riachtanais slándála an Aontais féin go leordhóthanach i gcónaí agus go mbeidh tionscal cosanta agus margadh inmheánach an Aontais faoi réir na n-athruithe atá ann faoi láthair. Ní mór na trí rian idirnasctha a shaothrú go comhthreomhar agus ar bhealach comhordaithe. Eagrófar freisin cruinnithe rialta ar leibhéal na Stiúrthóirí Armála Náisiúnta leis an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta (an Coimisiún, SEGS, GEC) chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus ar na cumais thionsclaíocha agus chun an dlúthchomhar riachtanach a áirithiú, chun cur chun feidhme leordhóthanach na dtrí rian a áirithiú.

(5) An 13 Aibreán 2023, ghlac an Chomhairle beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána ar fiú EUR 1 bhilliún é chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine, lena gceadaítear aisíocaíocht le haghaidh armlón talamh go talamh agus airtléire agus, b'fhéidir, diúracán, a deonaíodh don Úcráin ó stoic atá ann cheana nó ó athbheartú tosaíochtaí i leith orduithe atá ann cheana le linn na tréimhse 9 Feabhra go dtí an 31 Bealtaine 2023. Maidir le soláthar comhpháirteach, go dtí seo shínigh 24 Bhallstát agus an Iorua Socrú Tionscadail GEC le haghaidh soláthar comhpháirteach armlóin.

(6) Ní bheidh éifeacht le hiarrachtaí comhpháirteacha chun cur ar chumas na mBallstát a gcuid stoc ídithe a athshlánú agus chun tacú leis an Úcráin ach amháin más féidir le taobh soláthair an Aontais na táirgí cosanta is gá a bhaint amach in am. Mar sin féin,

agus stoic ag meath go tapa, táirgeadh na hEorpa beagnach ag an uastoilleadh mar gheall ar orduithe ó na Ballstáit nó na tríú tíortha, agus praghsanna ag dul ó smacht, tá gá le bearta breise beartais tionsclaíochta de chuid an Aontais chun a áirithiú go gcuirfear borradh tapa faoi na cumais mhonaraíochta.

(7) Mar a léiríodh in obair an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta (an Coimisiún, SEGS, GEC) maidir le riachtanais soláthair cosanta an-ghearrthéarmach a chomhordú agus dul i dteagmháil leis na Ballstáit agus le monaróirí cosanta an Aontais chun tacú le soláthar comhpháirteach chun stoic a athshlánú, go háirithe i bhfianaise na tacaíochta a thugtar don Úcráin, tá acmhainneachtaí monaraíochta ag tionscal an Aontais i réimse an armlóin talún agus armlóin airtléire, chomh maith le diúracáin. Mar sin féin, tá acmhainneachtaí táirgeachta laistigh d'earnáil thionscal cosanta an Aontais curtha in oiriúint do thréimhsí atá éagsúil leis na dúshláin atá os comhair an Aontais faoi láthair. Mar sin féin, cuireadh sreafaí soláthair in oiriúint i gcomhréir le héileamh atá níos lú, agus leibhéal íosta stoc agus soláthróirí éagsúlaithe ann ar fud an domhain chun costais a laghdú, rud a nochtann earnáil thionscal cosanta an Aontais do spleáchais. Mar thoradh air sin, sa chomhthéacs sin, leis an acmhainneacht mhonaraíochta reatha agus leis na slabhraí soláthair agus luacha atá ann cheana, níl sé indéanta táirgí cosanta a sheachadadh ar bhealach slán tráthúil chun riachtanais na mBallstát maidir lena gceanglas slándála a chomhlíonadh agus chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do riachtanais na hÚcráine, rud a chruthaíonn teannas ar an margadh d'armlón ón talamh agus d'armlón airtléire chomh maith le diúracáin, agus an baol go mbrúfaí amach iad. Dá bhrí sin, tá gá le hidirghabháil bhreise ar leibhéal an Aontais.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 173(3) CFAE, saothraíonn beartas tionsclaíoch an Aontais an cuspóir maidir le dlús a chur le coigeartú an tionscail d'athruithe struchtúracha. Dá bhrí sin, dealraíonn sé gurb iomchuí tacú le tionscal an Aontais chun a mhéid táirgeachta a mhéadú, a aga seachadta a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar scrogaill agus/nó tosca a d'fhéadfadh moill nó bac a chur ar sholáthar agus ar tháirgeadh armlóin ó talamh go talamh agus armlóin airtléire chomh maith le diúracáin a mheastar a bheith ina dtáirgí cosanta ábhartha chun críche an Rialacháin seo.

(9) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na bearta arna nglacadh ar leibhéal an Aontais iomaíochas agus athléimneacht Bhonn Tionsclaíochta Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) i réimse an armlóin agus na ndiúracán a threisiú, chun go mbeifear in ann é a chur in oiriúint go práinneach don athrú struchtúrach.

(10) Chuige sin, ba cheart ionstraim a bhunú chun tacú le hathneartú an tionscail ar fud na slabhraí soláthair agus luacha a bhaineann le táirgeadh na dtáirgí cosanta ábhartha sin san Aontas (an 'Ionstraim').

(11) Beidh an Ionstraim i gcomhréir le tionscnaimh chomhoibríocha reatha an Aontais a bhaineann le cosaint amhail an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch, chomh maith leis an tSaoráid Eorpach Síochána agus cruthaítear sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais. Tá an Ionstraim go hiomlán comhleanúnach le huaillmhian an Chompáis Straitéisigh.

(12) Ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Ionstraim seo, mura sonraítear a mhalairt.

(13) I gcomhréir le hAirteagal 193(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, féadfar deontas a dhámhachtain do ghníomhaíocht atá tosaithe cheana, ar choinníoll gur féidir leis an iarratasóir a thaispeáint gur gá tús a chur leis an ngníomhaíocht sula síneofar an

comhaontú deontais. Mar sin féin, níor cheart tréimhse roimh an dáta a chuirtear an t-iarratas ar dheontas isteach a chumhdach le ranníocaíocht airgeadais, seachas i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Chun aghaidh a thabhairt ar iarraidh a rinne an Chomhairle an 20 Márta 2023 dlús a chur le seachadadh táirgí cosanta ábhartha, ba cheart go bhféadfaí foráil a dhéanamh sa chinneadh maoiniúcháin maidir le ranníocaíochtaí airgeadais le gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear tréimhse ón dáta sin.

(14) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don Ionstraim arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[3] (Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020), do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

(15) Féadfaidh na Ballstáit aistrithe acmhainní a leithdháiltear orthu faoi bhainistíocht chomhroinnte ar an Ionstraim a iarraidh, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina mbíonn clistí margaidh sonracha nó cásanna infheistíochta fo-optamacha roimh tháirgeadh táirgí cosanta ábhartha i gcríocha na mBallstát, go háirithe i limistéir leochaileacha agus iargúlta, agus ina rannchuidíonn na hacmhainní sin le cuspóirí an chláir óna n-aistrítear iad a bhaint amach. Féadfar na féidearthachtaí a leagtar amach in Airteagal 73(4) de Rialachán (AE) 2021/1060 a chur i bhfeidhm ar choinníoll go gcomhlíonann an tionscadal na rialacha a leagtar amach sa Rialachán sin agus raon feidhme CFRE agus CSE+ mar a leagtar amach sna rialacháin chiste-shonracha. I gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na cláir náisiúnta mhodhnaithe arna dtíolacadh ag an mBallstát agus barúlacha a thabhairt laistigh de 2 mhí. I bhfianaise phráinn an cháis, ba cheart don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh an measúnú ar na cláir náisiúnta mhodhnaithe a thabhairt i gcrích gan moill mhíchuí.

(16) Agus Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe nó nua á moladh, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann bearta a mholadh a rannchuideoidh freisin le cuspóirí na hionstraime seo. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh go háirithe ar bhearta a bhaineann le tograí arna dtíolacadh le haghaidh glao ar thograí faoin Ionstraim, ar bronnadh Séala Barr Feabhais orthu i gcomhréir leis an Ionstraim.

(17) I gcomhréir leis an Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus Rialacháin (CE,

[3] IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

[4] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17–75).-

[5] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

Euratom) Uimh. 2988/95[6], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[7] agus (AE) 2017/1939[8] ón gComhairle, táthar chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhíthin bearta comhréireacha, lena n-áirítear bearta a bhaineann le neamhrialtachtaí a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, lena n-áirítear calaois, le haisghabháil na gcistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart agus, i gcás inarb iomchuí, le pionóis riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá sé de chumhacht ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe riaracháin a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuíomh ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanfadh difear do leasanna airgeadais an Aontais. Tugtar de chumhacht d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear dó i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, aon duine nó aon eintiteas a fhaigheann cistiú ón Aontas ní mór dó comhoibriú go hiomlán maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais, na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, don Chúirt Iniúchóirí agus, i leith na mBallstát sin atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe de bhun Rialachán (AE) 2017/1939, OIPE, agus a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí ón Aontas cearta coibhéiseacha.

(18) Comhal Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) iad, féadfaidh a bheith rannpháirteach san Ionstraim seo mar thíortha comhlachaithe faoi chuimsiú an chomhair arna bhunú faoin gComhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ina ndéantar foráil do chur chun feidhme a rannpháirtíochta i gcláir an Aontais ar bhonn cinneadh arna ghlacadh faoin gComhaontú sin. Ba cheart foráil ar leith a thabhairt isteach leis an Rialachán seo lena gcuirfear de cheangal ar na tríú tíortha sin na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don oifigeach údarúcháin freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun go bhféadfaidh gach ceann díobh a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú go cuimsitheach.

(19) Mar gheall ar shainiúlachtaí an tionscail cosanta, ina n-eascraíonn an t-éileamh ar fad, beagnach, as na Ballstáit agus as tíortha comhlachaithe, a rialaíonn freisin aimsiú iomlán na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint, lena n-áirítear onnmhairí, ní leantar na gnáthrialacha ná na gnáthmhúnlaí gnó lena rialaítear margaí níos traidisiúnta i bhfeidhmiú earnáil thionscal na cosanta. Dá bhrí sin, ní bhíonn an tionscal i mbun infheistíochtaí tionsclaíocha suntasacha féinchistithe ach ní dhéanann sí amhlaidh ach mar thoradh ar orduithe daingne. Cé gur réamhchoinníoll iad orduithe daingne ó na Ballstáit d'aon infheistíocht, is féidir leis an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh trí riosca a bhaint d'infheistíochtaí tionsclaíocha trí dheontais agus iasachtaí lena gceadaítear oiriúnú níos tapúla d'athrú struchtúrach leanúnach sa mhargadh. Sa

---

6 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.1995, lch. 1).

7 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

8 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme ar bhunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

9 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

chomhthéacs éigeandála atá ann faoi láthair, ba cheart suas le 60 % de na costais incháilithe dhíreacha a chumhdach le tacaíocht ón Aontas chun a chur ar chumas tairbhithe gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a luaithe is féidir, an riosca a bhaineann lena n-infheistíocht a laghdú agus, dá bhrí sin, dlús a chur le hinfhaighteacht táirgí cosanta ábhartha.

(20) Tá costais indíreacha shonracha, amhail i ndáil leis an tslándáil, le híoc ag geallsealbhóirí in earnáil thionscal na cosanta. Dá bhrí sin, is iomchuí ráta comhréidh 7 % de chostais incháilithe dhíreacha iomlána na gníomhaíochta a cheadú.

(21) Leis an Ionstraim, ba cheart tacaíocht airgeadais a chur ar fáil, trí mhodhanna a shainítear le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, do ghníomhaíochtaí lena rannchuidítear le hinfhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta ábhartha amhail comhordú tionsclaíoch agus gníomhaíochtaí líonraithe, rochtain ar mhaoiniú do ghnóthais a bhfuil baint acu le monarú táirgí cosanta ábhartha, caomhnú acmhainní, próiseas tionsclaíoch maidir le hathchóiriú táirgí atá imithe in éag, leathnú, barrfheabhsú, nuachóiriú, uasghrádú nó athrú cuspóra na n-acmhainneachtaí táirgeachta atá ann cheana sa réimse seo, nó bunú acmhainneachtaí táirgeachta nua sa réimse sin chomh maith le hoiliúint a chur ar phearsanra.

(22) Ós rud é go bhfuil gurb é is aidhm don Ionstraim iomaíochas agus éifeachtúlacht thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú, eintitis dhlítheanacha, bíodh siad faoi úinéireacht phoiblí nó phríobháideach, atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe incháilithe agus a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe , ní bheidh ach na heintitis dhlítheanacha sin incháilithe le haghaidh tacaíochta.

(23) Eintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe, níor cheart iad a bheith incháilithe mar fhaighteoirí ach amháin má chomhlíontar coinníollacha dochta a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, mar a bhunaítear faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena n-áirítear i dtéarmaí EDTIB a neartú. Níor cheart cuspóirí na hIonstraime a shárú le rannpháirtíocht na n-eintiteas dlítheanach sin. Ós amhlaidh atá, ba cheart rialú a thuiscint mar an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlítheanach go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó. Ba cheart d’iarratasóirí an fhaisnéis uile is ábhartha faoin mbonneagar, na saoráidí, na sócmhainní agus na hacmhainní atá le húsáid sa ghníomhaíocht a sholáthar. Ba cheart freisin a áireamh ina leith sin ábhair imní na mBallstát maidir le slándáil an tsoláthair. I bhfianaise a phráinní atá an staid a eascraíonn as an ngéarchéim soláthair armlóin atá ann cheana, ba cheart slabhraí soláthair atá ann cheana a chur san áireamh san Ionstraim.

(24) Ba cheart bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na bhfaighteoirí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón Ionstraim a bheith lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó tíre comhlachaithe ar feadh thréimhse iomlán na gníomhaíochta, agus ba cheart struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin na bhfaighteoirí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht a bheith san Aontas nó i dtír chomhlachaithe. Dá réir sin, eintiteas dlítheanach atá bunaithe i dtír neamhchomhlachaithe nó eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe ach a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír neamhchomhlachaithe, níor cheart dó a bheith incháilithe mar fhaighteoir a bhfuil baint aige le gníomhaíocht

(25) De bhun Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle[10], tá daoine agus eintitis atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiúchán faoi réir rialacha agus chuspóirí na hIonstraime agus faoi réir aon socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

(26) Agus measúnú á dhéanamh ar thograí, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí na hIonstraime. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar an togra go háirithe i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad leis an méadú, leis an mborradh, leis an gcaomhnú, le nuachóiriú na n-acmhainneachtaí monaraíochta, agus le hathsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair lena mbaineann. Ba cheart measúnú a dhéanamh orthu freisin i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn siad le laghdú aga seachadta táirgí cosanta ábhartha, lena n-áirítear trí shásraí atosaíochta orduithe, trí scrogaill ar feadh a slabhraí soláthair a shainaithint agus a dhíothú, agus trí athléimneacht na slabhraí soláthair sin a fhorbairt trí chomhar trasteorann gnóthas a fhorbairt agus a chur chun feidhme, go háirithe, ar bhealach suntasach, FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe atá ag oibriú sna slabhraí soláthair lena mbaineann.

(27) Agus tacaíocht airgeadais an Aontais á ceapadh, á bronnadh agus á cur chun feidhme aige, ba cheart don Choimisiún aird ar leith a thabhairt nach ndéanann bearta den sórt sin dochar do dhálaí iomaíochta sa Mhargadh Inmheánach.

(28) Ina theannta sin, ní hamháin gur léirigh an ghéarchéim atá ann faoi láthair go bhfuil easnaimh in earnáil thionsclaíoch cosanta an Aontais, ach tá dúshláin ann freisin d’fheidhmiú mhargadh inmheánach na dtáirgí cosanta. Go deimhin, is é atá i gceist leis an gcomhthéacs geopholaitiúil reatha méadú suntasach ar an éileamh a dhéanann difear d’fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir le táirgeadh agus díol armlóin agus diúracáin talamh go talamh agus airtléire agus ar a gcomhpháirteanna san Aontas. Cé go bhfuil bearta déanta ag Ballstáit áirithe, nó gur dócha go ndéanfaidh siad bearta chun a stoic féin a chaomhnú mar bheart slándála náisiúnta, tá deacrachtaí ag Ballstáit eile rochtain a fháil ar na hearraí is gá chun armlón agus diúracáin ó thalamh go talamh agus airtléire a mhonarú nó a fháil. Uaireanta, cuireann an deacracht a bhaineann le rochtain a fháil ar amhábhar aonair amháin nó ar chomhpháirt shonrach isteach ar na slabhraí táirgeachta ina n-iomláine. Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, is gá bearta áirithe a ghlacadh lena n-áiritheofar, ar bhealach comhordaithe, rialacha comhchuibhithe chun slándáil an tsoláthair táirgí cosanta a éascú. Ba cheart a áireamh sna rialacha sin mapáil na riachtanas in earraí agus i seirbhísí sa mhargadh inmheánach sin, an fhéidearthacht orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a bhunú ar leibhéal an Aontais i gcás ina gcinneann trí Bhallstát ar a laghad táirgí a bhaineann le cosaint choiteann a sholáthar nó ina bhfuil sé ar intinn acu táirgí a bhaineann le cosaint choiteann a sholáthar, i gcás inar gá sin chun cuspóir leasa ghinearálta slándála an Aontais agus a Bhallstát a shaothrú, agus dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe deontais nó le nósanna imeachta soláthair a éascú. Ba cheart na bearta sin a bheith bunaithe ar Airteagal 114 CFAE.

(29) D’fhonn na bearta is gá agus is iomchuí a dhéanamh faoin Rialachán seo, ba cheart don Choimisiún, ar bhonn na hoibre comhair le SEGS agus le GEC i gcomhthéacs an

---

[10] Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (‘An Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear’) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta, mapáil a bhunú agus a choinneáil ar na gnóthais atá bunaithe san Aontas agus a oibríonn feadh shlabhraí soláthair na dtáirgí cosanta ábhartha. Ba cheart a áireamh sa mhapáil go háirithe cineál agus sonraíochtaí a dtáirgí, a n-acmhainneacht táirgeachta ghaolmhar, agus a seasamh i slabhra soláthair na dtáirgí cosanta ábhartha. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar acmhainneacht táirgeachta agus ar shlabhraí soláthair na ngnóthas a shainaithnítear sa mhapáil, i ndlúthchomhar leo. Ba cheart do Choiste an Chláir torthaí na mapála agus an fhaireacháin a chur i láthair agus a phlé.

(30) Ar an mbonn sin, ba cheart don Choimisiún liosta a tharraingt suas, ina sainaithneofar na táirgí cosanta ábhartha, na hamhábhair chosanta nó na comhpháirteanna díobh, a ndéanann suaitheadh nó suaitheadh féideartha ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair agus a shlabhraí soláthair difear dóibh, ar táirgí iad a mbíonn ganntanais shuntasacha mar thoradh orthu. Ba cheart don Choimisiún an liosta sin de tháirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de a thabhairt cothrom le dáta go rialta, chun díriú ar shuaitheadh nó ar scrogaill a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an tsoláthair i gcás táirgí cosanta ábhartha, chomh maith le hamhábhair agus comhpháirteanna díobh.

(31) Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann iarraidh a dhéanamh chun an fhaisnéis is gá a fháil ionas gur féidir leis a áirithiú go mbeidh táirgí cosanta ó oibreoirí eacnamaíoch, ar táirgí iad atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de, go mbeidh siad ar fáil go tráthúil, agus déileáil leis na táirgí sin, le hamhábhair nó le comhpháirteanna díobh a áirithiú, i gcomhaontú leis an mBallstát ina bhfuil siad bunaithe. Ba cheart faisnéis den sórt sin a bheith mar bhonn eolais don chinneadh ón gCoimisiún maidir le bearta iomchuí faoin rialachán sin chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh nó ar scrogaill a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an tsoláthair i gcás táirgí cosanta ábhartha chomh maith le hamhábhair agus comhpháirteanna ábhartha.

(32) Le sásra sainaitheanta, mapála agus faireacháin leanúnaigh den sórt sin, ba cheart go mbeifí in ann anailís neas-fhíorama a dhéanamh ar an acmhainneacht táirgeachta san Aontas, ar thosca criticiúla a mbíonn tionchar acu ar shlándáil soláthair na dtáirgí cosanta ábhartha, agus ar stádas stoc-charn. Ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas an Choimisiúin freisin bearta práinnfhreagartha a cheapadh do ghanntanais iarbhír nó do ghanntanais a bhfuiltear ag súil leo.

(33) Tá sé bunriachtanach ganntanais táirgí cosanta ábhartha a sheachaint chun cuspóir leas ginearálta slándála an Aontais agus a Bhallstát a chaomhnú agus chun údar a thabhairt, i gcás inar gá, le cur isteach comhréireach ar chearta bunúsacha na ngnóthas a sholáthraíonn táirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsolatháir de, amhail an tsaoirse gnó a sheoladh i gcomhréir le hAirteagal 16 den Chairt agus an ceart chun maoine i gcomhréir le hAirteagal 17 den Chairt, i gcomhréir le hAirteagal 52 den Chairt. D’fhéadfadh údar cuí a bheith le cur isteach den sórt sin go háirithe i gcás ina bhfuil iarrachtaí sonracha déanta ag roinnt Ballstát an t-éileamh a chomhdhlúthú trí sholáthar comhpháirteach, agus ar an gcaoi sin ag cur le comhtháthú breise agus le feidhmiú rianúil an Mhargaidh Inmheánaigh le haghaidh táirgí cosanta ábhartha. Arna iarraidh sin do thrí Bhallstát ar a laghad atá ag comhoibriú chun táirgí cosanta ábhartha a sholáthar nó Ballstát amháin ar a laghad a sholáthraíonn chun na táirgí cosanta ábhartha faighte a aistriú chuig an Úcráin, a bhfuil deacrachtaí móra acu maidir le conradh a chur nó a fhorghníomhú, féadfaidh an Coimisiún, le comhaontú bhunaíocht an Bhallstáit, a chur de cheangal ar ghnóthais glacadh le horduithe táirgí ábhartha atá criticiúil don soláthar agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Chun cearta bunúsacha an ghnóthais a chaomhnú, níor cheart na hiarrataí sin a dhéanamh ach amháin i gcás táirgí a shainaithin an Coimisiún i gCinneadh Cur Chun Feidhme. Ina theannta sin, ba cheart

nós imeachta céim ar chéim a bhunú chun deis a thabhairt do na gnóthais a n-ábhair imní a chur in iúl a mhéid a bhaineann leis an ngníomhaíocht atá beartaithe. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún, i gcomhaontú leis an mBallstát ina bhfuil sé bunaithe, na gnóthais lena mbaineann a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn aige a iarraidh air glacadh le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis agus é a rangú ar dtús agus na heilimintí go léir is gá a sholáthar dó chun go bhféadfaidh sé cinneadh eolasach a dhéanamh i dtaobh an féidir leis glacadh leis an iarraidh sin. I gcás ina ndiúltaíonn an gnóthas, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhaontú leis an mBallstát lena mbaineann, agus aird chuí á tabhairt ar chineál na n-agóidí a rinne an gnóthas, a mheas go bhfuil údar maith leis na cúiseanna slándála, trí Chinneadh Cur Chun Feidhme, ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a fhorchur. Ba cheart cinneadh den sórt sin a ghlacadh i gcomhréir le hoibleagáidí dlíthiúla uile an Aontais is infheidhme, ag féachaint d'imthosca an cháis. An t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, ba cheart é a dhéanamh ar phraghas cóir réasúnta. Ba cheart tosaíocht a bheith ag an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó poiblí agus ba cheart aird a thabhairt léi ar aidhmeanna dlisteanacha na ngnóthas agus ar an gcostas agus ar an iarracht is gá d'aon athrú ar sheicheamh na táirgeachta. Féadfaidh gnóthais a bheith faoi réir pionóis mura n-éiríonn leo an oibleagáid maidir le horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh.

(34) Chun cearta bunúsacha na ngnóthas a chaomhnú, ba cheart an ceart a thabhairt dóibh a iarraidh go scaoilfí óna n-oibleagáidí iad i gcásanna nach féidir an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a chur i gcrích, fiú má thugtar tosaíocht dó, mar gheall ar easpa cumais táirgeachta nó acmhainneacht táirgeachta, nó toisc go gcuirfeadh sé sin ualach eacnamaíoch míréasúnta orthu agus go mbeadh cruatan ar leith ar an ngnóthas dá bharr.

(35) Gnóthas atá ag oibriú ar feadh slabhra soláthair tháirgí cosanta ábhartha san Aontas, sa chás eisceachtúil go bhfaigheann an gnóthas sin iarraidh ó thríú tír ar ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, ba cheart dó an Coimisiún a chur ar an eolas faoin iarraidh sin.

(36) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé slándáil an tsoláthair a áirithiú d'earnálacha cosanta sonracha a bhfuil feidhmeanna ríthábhachtacha á ndéanamh acu ar mhaithe le slándáil shaoránaigh an Aontais, níor cheart dliteanas i leith damáistí i leith tríú páirtithe a bheith i gceist le comhlíonadh na hoibleagáide maidir le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh i leith aon sárú ar oibleagáidí conarthacha a d'fhéadfadh eascairt as na hathruithe sealadacha riachtanacha ar phróisis oibríochtúla an mhonaróra lena mbaineann, arna theorannú don mhéid a bhí an sárú ar oibleagáidí conarthacha riachtanach chun an tosaíocht shainordaithe a chomhlíonadh. Ba cheart do ghnóthais a d'fhéadfadh a bheith laistigh de raon feidhme ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis an fhéidearthacht sin a thuar i gcoinníollacha a gconarthaí tráchtála. Gan dochar d'infheidhmeacht na bhforálacha eile, an díolúine sin ó dhliteanas ní dhéanfaidh sí difear don dliteanas i leith táirgí lochtacha, dá bhforáiltear i dTreoir 85/374/CEE ón gComhairle[11].

(37) An tsaoirse chun gnó a sheoladh agus an tsaoirse conartha a leagtar síos in Airteagal 16 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') agus an ceart

[11] Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú fhorálacha reachtaíochta, rialacháin agus riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29).

chun maoine a leagtar síos in Airteagal 17 den Chairt, leis an oibleagáid tosaíocht a thabhairt do tháirgeacht táirgí áirithe níor cheart difear díréireach do na saoirsí agus na cearta sin. I gcomhréir le hAirteagal 52(1) den Chairt, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le haon teorannú ar na cearta sin sa dlí, agus déanfar inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin a urramú, agus comhlíonfar prionsabal na comhréireachta leis.

(38) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé slándáil soláthair na dtáirgí cosanta ábhartha a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bpróiseálfar iarratais riaracháin a bhaineann le saoráidí táirgthe a phleanáil, a thógáil agus a oibriú, ionchuir a aistriú laistigh den Aontas chomh maith le cáiliú agus deimhniú táirgí deiridh ábhartha ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil.

(39) Chun cuspóir ginearálta an bheartais phoiblí maidir leis an tslándáil a shaothrú, is gá saoráidí táirgthe a bhaineann le táirgeadh táirgí cosanta ábhartha a chur ar bun a luaithe is féidir, agus an t-ualach riaracháin á choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ar an gcúis sin, ba cheart do na Ballstáit caitheamh le hiarratais a bhaineann le pleanáil, tógáil agus oibriú gléasra agus suiteálacha le haghaidh táirgeadh táirgí cosanta ábhartha ar an mbealach is tapa is féidir. Ba cheart tosaíocht a thabhairt dóibh sin agus leasanna dlíthiúla á gcothromú sa chás aonair.

(40) I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo, agus na staide éigeandála agus an chomhthéacs eisceachtúil a bhaineann lena ghlacadh, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar dhíolúintí a bhaineann le cosaint a úsáid faoin dlí náisiúnta agus faoi dhlí an Aontais is infheidhme, ar bhonn cás ar chás, má mheasann siad go mbeadh éifeacht dhíobhálach ag cur i bhfeidhm den sórt sin ar na críocha sin. Féadfaidh feidhm a bheith aige sin go háirithe maidir le dlí an Aontais a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil,[12] sláinte agus sábháilteachta, rud atá fíor-riachtanach chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a fheabhsú, chomh maith le forbairt inbhuanaithe agus shábháilte a bhaint amach. Mar sin féin, d'fhéadfadh bacainní rialála a bheith ann mar gheall ar a gcur chun feidhme, a chuirfeadh bac ar acmhainneacht thionscal cosanta an Aontais borradh a chur faoi tháirgeadh agus seachadadh táirgí cosanta ábhartha. Tá sé de fhreagracht chomhchoiteann ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit breathnú go práinneach ar aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh sé a dhéanamh chun aon bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú. Níor cheart d'aon ghníomhaíocht den sórt sin, bíodh sí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal réigiúnach nó ar an leibhéal náisiúnta, dochar a dhéanamh d'ábhair imní a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht.

(41) Chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as slabhraí soláthair atá ann cheana, agus leanúnachas tháirgeadh na dtáirgí cosanta ábhartha á áirithiú dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht dul ar iontaoibh nó cuideachtaí lena mbaineann a spreagadh chun dul i muinín maoluithe dá bhforáiltear i dTreoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13]. I gcás ina gceanglaítear

[12] Mar shampla, an Rialachán maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán; an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán; Treoir Seveso; an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha; an Rialachán maidir le POPanna; an Rialachán maidir le Táirgí Bithicídeacha; an Rialachán maidir le hídiú an chisil ózóin agus an Rialachán maidir le gás ceaptha teasa fluairínithe.

[13] Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO L 299, 18.11.2003, lch. 9).

réamhúdarú ó údaráis náisiúnta chun maoluithe den sórt sin a úsáid, ba cheart iarratais a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil.

(42) Is é is aidhm do Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14] comhchuibhiú a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair maidir le conarthaí poiblí a dhámhachtain i réimse na cosanta agus na slándála lena gcumasaítear ceanglais slándála na mBallstát agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an gConradh a chomhlíonadh. Déantar foráil sa Treoir sin go háirithe maidir le forálacha sonracha lena rialaítear cásanna práinne a eascraíonn as géarchéim, go háirithe tréimhsí giorraithe chun tairiscintí a fháil agus an fhéidearthacht an nós imeachta idirbheartaithe a úsáid gan fógra conartha a fhoilsiú roimh ré. Mar sin féin, d'fhéadfadh an fhíorphráinn a eascraíonn as an ngéarchéim soláthair armlóin atá ann faoi láthair a bheith ar neamhréir leis na forálacha sin i gcásanna ina bhfuil sé beartaithe ag níos mó ná dhá Bhallstát páirt a ghlacadh i soláthar comhoibríoch. I gcásanna áirithe, is é an t-aon réiteach atá ann chun leasanna slándála na mBallstát sin a áirithiú ná creat-chomhaontú atá ann cheana a oscailt d'údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha na mBallstát nach raibh ina bpáirtithe ann ar dtús, cé nár foráladh don fhéidearthacht sin sa chreat-chomhaontú tosaigh.

(43) I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ní bheidh i modhnuithe ar chonradh teoranta ach amháin an méid atá fíor-riachtanach sna himthosca, agus prionsabail an neamh-idirdhealaithe, na trédhearcachta agus na comhréireachta á gcomhlíonadh a mhéid is féidir. I ndáil leis sin, ba cheart é a bheith indéanta maolú a dhéanamh ar Threoir 2009/81/CE trí na cainníochtaí dá bhforáiltear sa Chreat-Chomhaontú a mhéadú agus é a oscailt d'údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha Ballstát eile an tráth céanna. Ba cheart na coinníollacha céanna a bheith ag na húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha sin agus atá ag an údarás conarthach bunaidh a thug an creat-chomhaontú bunaidh i gcrích maidir leis na cainníochtaí breise sin. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don údarás conarthach cead a thabhairt d'aon oibreoir eacnamaíoch a chomhlíonann coinníollacha an chreat-chomhaontaithe bunaidh a bheith ina chonraitheoir faoin gcreat-chomhaontú sin. Ina theannta sin, ba cheart bearta iomchuí trédhearcachta a dhéanamh chun a áirithiú go bhféadfar na páirtithe leasmhara uile a chur ar an eolas. Chun éifeachtaí na modhnuithe sin ar fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh a theorannú agus chun saobhadh díréireach iomaíochta a chosc, níor cheart modhnuithe ar chreat-chomhaontuithe a thabhairt i gcrích ach go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(44) Is é is aidhm do Threoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a shimpliú, go háirithe trí Cheadúnais Aistrithe Ghinearálta a bhíonn ag brath ar fhíorú *ex post*, lena gcumhdaítear raon réamhshocraithe táirgí chuig faighteoirí sonraithe nó chun críche sonraí, agus nach bhfuil gá le haon réamhiarraidh ina leith. Mar sin féin, ní leor aon cheann de na Ceadúnais Ghinearálta Aistrithe éigeantacha dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) de Threoir 2009/43/CE nó moltaí ón

---

14 Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lgh. 76-136).

15 Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lgh. 1-36).

gCoimisiún maidir le comhchuibhiú raon feidhme na gceadúnas sin agus na gcoinníollacha a ghabhann leo chun a áirithiú gur leor na haistrithe is gá chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh.

(45) Sa chomhthéacs reatha lena bhforchuirtear dlús a chur leis na hagaí seachadta ar fud na slabhraí soláthair agus luacha lena mbaineann, dealraíonn sé gur gá aistriú táirgí cosanta ábhartha a dhíolmhú ón oibleagáid maidir le réamhúdarú laistigh den Aontas. Níor cheart don díolúine seo difear a dhéanamh do lánrogha na mBallstát a mhéid a bhaineann le beartas um onnmhairiú táirgí a bhaineann le cosaint.

(46) Chun a bheith iomaíoch, nuálach agus athléimneach, agus chun a bheith in ann borradh a chur faoina acmhainneachtaí táirgeachta, ní mór do EDTIB rochtain a fháil ar mhaoiniú poiblí agus príobháideach araon. Mar a fhoráiltear i 'Rannchuidiú an Choimisiúin le cosaint na hEorpa' an 15 Feabhra 2022, tá tionscnaimh an Aontais maidir le maoiniú inbhuanaithe comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais rochtain leordhóthanach a éascú do thionscal cosanta na hEorpa ar mhaoiniú agus ar infheistíocht. Sa chomhthéacs sin, ní chuireann creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais cosc ar infheistíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint. Cuireann tionscal cosanta an Aontais go mór le hathléimneacht, slándáil an Aontais agus, dá bhrí sin, leis an tsíocháin agus leis an inbhuanaitheacht shóisialta. Laistigh de thionscnaimh an Aontais a bhaineann le beartais airgeadais inbhuanaithe, maidir le hairm chonspóideacha atá faoi réir coinbhinsiúin idirnáisiúnta lena dtoirmisctear a bhforbairt, a dtáirgeadh, a stoc-charnadh, a n-úsáid, a n-aistriú agus a seachadadh, agus arna síniú ag Ballstáit an Aontais, meastar go bhfuil siad sin ar neamhréir leis an inbhuanaitheacht shóisialta. Tá an earnáil faoi réir dlúth-ghrinnscrúdú rialála arna chur chun feidhme ag na Ballstáit chun ítimí míleata agus ítimí dé-úsáide a aistriú agus a onnmhairiú. Sa chomhthéacs sin, thabharfadh gealltanas ó ghníomhaithe airgeadais náisiúnta agus Eorpacha - amhail Bainc agus Institiúidí Náisiúnta le haghaidh Spreagadh - tacaíocht do thionscal cosanta na hEorpa, rud a bheadh ina chomhartha láidir don earnáil phríobháideach. Agus a mhisin eile um fhorbairt eacnamaíoch agus um maoiniú beartais phoiblí á saothrú aige ina n-iomláine, lena n-áirítear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus i gcomhréir le hairteagal 309 CFAE chomh maith lena reacht, ba cheart don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé do thionscal cosanta na hEorpa agus don soláthar comhpháirteach sa bhreis ar an tacaíocht leanúnach a thugann sé don dé-úsáid, i gcás inar soiléir go mbeadh na hinfheistíochtaí ina rannchuidiú le cur chun feidhme thosaíochtaí an Chompáis Straitéisigh.

(47) Ba cheart rochtain a bheith ag gnóthais i slabhra luacha na dtáirgí cosanta ábhartha ar mhaoiniú fiachais, chun dlús a chur leis na hinfheistíochtaí is gá chun acmhainneachtaí monaraíochta a mhéadú. Leis an Ionstraim, ba cheart go n-éascófaí rochtain ar mhaoiniú do chuideachtaí an Aontais sa réimse armlóin agus diúracán. Ba cheart a áirithiú leis an Rialachán go háirithe go dtabharfar na coinníollacha céanna do na heintitis dhlítheanacha sin a thairgtear d'eintitis dhlítheanacha eile, agus freagracht a ghlacadh ar aon chostas breise a thagann chun cinn go sonrach d'earnáil na cosanta.

(48) Féadfaidh an Coimisiún saoráid thiomnaithe a chur ar bun mar chuid de na gníomhaíochtaí éascaithe infheistíochta a ndéantar cur síos comhchoiteann orthu mar 'An Ciste um Borradh'. Féadfar an Ciste um Borradh a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach. Maidir leis sin, ba cheart don Choimisiún féachaint ar an mbealach is iomchuí chun buiséad an Aontais a ghiaráil chun leas a bhaint as infheistíocht phoiblí agus phríobháideach d'fhonn tacú leis an méadú mear atáthar a lorg, mar shampla tríd an bhféidearthacht saoráid mheasctha a bheith ann,

lena n-áirítear faoi Chiste InvestEU, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], i ndlúthchomhar lena chomhpháirtithe cur chun feidhme. Ba cheart do ghníomhaíochtaí 'an Chiste um Borradh' tacú le méadú na n-acmhainneachtaí monaraíochta i réimse an armlóin agus na ndiúracán trí dheiseanna a chur ar fáil níos mó cistí a bheith ar fáil do chuideachtaí ar fud an tslabhra luacha.

(49) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann leis an gClár Oibre agus liosta na dtáirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de a ghlacadh, chun oibleagáidí a eisiúint do ghnóthais lena mbaineann iarraidh ar ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis an t-ordú sin a ghlacadh nó é a dhéanamh ar phraghas cothrom réasúnach agus chun na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla a leagan síos maidir le feidhmiú orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17]. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le glacadh liosta na dtáirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de, maidir le hoibleagáidí a eisiúint do ghnóthais lena mbaineann iarraidh ar ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis glacadh leis an ordú sin nó é a dhéanamh ar phraghas cothrom réasúnach agus chun na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla a leagan síos maidir le feidhmiú orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhórchúiseanna práinne.

(50) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin freagairt do thionchar na géarchéime slándála, a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE'). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(51) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais, go háirithe Airteagal 101 go hAirteagal 109 CFAE agus na rialacháin cur chun feidhme a ghabhann leo.

(52) Ní mór a mheabhrú, de réir Airteagal 41(2) CAE, go ndéanfar caiteachas oibríochtúil a eascraíonn as Caibidil 2 de Theideal V a mhuirearú ar bhuiséad an Aontais, seachas an caiteachas sin a eascraíonn as oibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu.

(53) I bhfianaise na práinne maidir le haghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim slándála, is iomchuí a fhoráil d'eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an

[16] Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017, (IO L 107, 26.3.2021, lgh. 30–89).

[17] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach. Ós rud é go bhfuil garchontúirt ann do shlándáil an tsoláthair mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe san Iris Oifigiúil.

(54) De bhun mhíreanna 22 agus 23 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[18], ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán ar bhonn na faisnéise arna bailiú i gcomhréir le ceanglais faireacháin shonracha, agus an tráth céanna ualach riaracháin, go háirithe ar na Ballstáit, agus ró-rialáil, á seachaint. Ar na ceanglais sin, ba cheart a áireamh, i gcás inarb iomchuí, táscairí intomhaiste mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an Rialacháin ar an talamh. Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2024, lena n-áirítear d'fhonn tograí a thíolacadh maidir le haon leasuithe iomchuí ar an Rialachán seo.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leis an Rialachán seo, bunaítear sraith beart agus leagtar síos buiséad atá dírithe ar fhreagrúlacht agus cumas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú go práinneach chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil armlóin talamh go talamh, airtléire agus diúracán ('táirgí cosanta ábhartha') a áirithiú, go háirithe tríd an méid seo a leanas:

(a) ionstraim lena dtugtar tacaíocht airgeadais d'atreisiú tionsclaíoch chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh san Aontas, lena n-áirítear trína gcomhpháirteanna a sholáthar ('an Ionstraim');

(b) sainaithint, mapáil agus faireachán leanúnach ar infhaighteacht na dtáirgí cosanta ábhartha, a gcomhpháirteanna agus na n-ionchur comhfhreagrach (amhábhair);

(c) sásraí, prionsabail agus rialacha sealadacha a bhunú chun a áirithiú go mbeidh na táirgí cosanta ábhartha ar fáil go tráthúil agus go buan dá bhfaighteoirí san Aontas.

Ar bhonn meastóireachta, de bhun Airteagal 28 thíos, ar na torthaí a bhainfear amach le cur chun feidhme an Rialacháin seo faoi lár 2024, go háirithe maidir le héabhlóid an chomhthéacs slándála, breithneofar an deis chun infheidhmeacht an tacair beart agus leithdháileadh an bhuiséid bhreise chomhfhreagraigh a leathnú.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'amhábhair' na hábhair is gá chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh;

[18] IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1–14.

(2) ciallaíonn ‘scrogall’ pointe plódaithe i gcóras táirgthe a stopann an táirgeadh nó a chuireann moill mhór air;

(3) ciallaíonn ‘faighteoir’ eintiteas lenar síníodh comhaontú cistiúcháin nó maoiniúcháin, nó dár tugadh fógra i leith comhaontú cistiúcháin nó maoiniúcháin;

(4) ciallaíonn ‘iarratasóir’ duine nádúrtha nó eintiteas, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige nó nach bhfuil, a chuir iarratas isteach trí nós imeachta um dhámhachtain deontas;

(5) ciallaíonn ‘rialú’ an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlíthiúil go díreach, nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó;

(6) ciallaíonn ‘struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin’ comhlacht eintitis dhlíthiúil, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, a thugann tuarascáil don phríomhoifigeach feidhmiúcháin, a chumhachtaítear chun straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlíthiúil sin a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta;

(7) ciallaíonn ‘eintiteas’ duine dlítheanach a bunaíodh mar eintiteas agus a aithnítear mar eintiteas faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta, a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige agus a bhfuil an cumas aige gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó aon eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 197(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046;

(8) ciallaíonn ‘faisnéis rúnaicmithe’ faisnéis nó ábhar, i bhfoirm ar bith, a bhféadfadh nochtadh neamhúdaraithe ina leith a bheith ina chúis le leibhéil éagsúla de dhochar do leasanna an Aontais nó ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, agus ar a bhfuil marc rúnaicmithe de chuid an Aontais nó marc rúnaicmithe comhfhreagrach, de réir mar a bhunaítear é sa Chomhaontú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosaint faisnéise rúnaicmithe a mhalartaítear ar mhaithe le leas an Aontais Eorpaigh;

(9) ciallaíonn ‘faisnéis íogair’ faisnéis agus sonraí atá le cosaint ar rochtain nó nochtadh neamhúdaraithe mar gheall ar oibleagáidí arna leagan síos i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta nó atá le cosaint ar mhaithe le príobháideachas nó slándáil duine nádúrtha nó duine dlítheanach a choimirciú;

(10) ciallaíonn ‘eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe’ eintiteas dlíthiúil arna bhunú i dtríú tír neamhchomhlachaithe nó, i gcás inar bunaíodh san Aontas nó i dtír comhlachaithe é, a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír neamhchomhlachaithe;

(11) ciallaíonn ‘aga táirgeachta’ an tréimhse ama idir ordú ceannaigh a dhéanamh agus an t-ordú á chur i gcrích ag an monaróir;

(12) ciallaíonn ‘táirgí cosanta ábhartha’ armlón talamh go talamh agus armlón airtléire chomh maith le diúracáin.

(13) ciallaíonn ‘táirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de’ táirgí cosanta ábhartha nó príomh-chomhpháirteanna nó amhábhair díobh a sainaithníodh mar tháirgí cosanta a ndéantar difear mór dóibh mar gheall ar shuaitheadh nó suaitheadh féideartha i bhfeidhmiú an Mhargaidh Aonair agus a shlabhraí soláthair as a n-eascraíonn ganntanais shuntasacha iarbhír nó fhéideartha.

(14) ciallaíonn ‘oibríocht mheasctha’ gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear laistigh de shaoráid mheasctha nó ardán meascatha mar a shainítear i bpointe (6) d’Airteagal 2 den Rialachán Airgeadais, lena gcomhcheanglaítear cineálacha tacaíochta neamh-inaisíoctha nó ionstraimí airgeadais ó bhuiséad an Aontais le cineálacha tacaíochta inaisíoctha ó institiúidí forbartha nó institiúidí airgeadais poiblí eile agus ó institiúidí airgeadais tráchtála agus infheisteoirí;

(15) ciallaíonn ‘Séala Barr Feabhais’ lipéad cáilíochta a léiríonn gur sháraigh togra a cuireadh isteach le haghaidh glao ar thograí faoin Ionstraim na tairseacha meastóireachta ar fad a leagtar amach sa chlár oibre, ach nach bhféadfaí é a chistiú de dheasca easpa buiséid a bheith ar fáil don ghlao sin ar thograí sa chlár oibre, agus d’fhéadfadh sé tacaíocht a fháil ó fhoinsí eile cistiúcháin de chuid an Aontais nó ó fhoinsí náisiúnta eile cistiúcháin;

*Airteagal 3*

**Tríú tíortha atá bainteach leis an Ionstraim**

Beidh an Ionstraim oscailte do rannpháirtíocht chomhaltaí Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (tíortha comhlachaithe), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

## CAIBIDIL II

## AN IONSTRAIM

*Airteagal 4*

**Cuspóirí na hIonstraime**

1. Is é cuspóir na hIonstraime éifeachtúlacht agus iomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a chothú chun tacú le borradh a chur faoin acmhainneacht táirgeachta agus le táirgí cosanta ábhartha a sheachadadh go tráthúil trí atreisiú tionsclaíoch.

2. Is éard a bheidh san atreisiú tionsclaíoch go háirithe coigeartú an tionscail a thionscnamh agus a bhrostú do na hathruithe struchtúracha tapa arna bhforchur ag an ngéarchéim soláthair a dhéanann difear do na táirgí cosanta ábhartha. Ba cheart a áireamh leis sin feabhas a chur ar acmhainneacht oiriúnaithe na slabhraí soláthair le haghaidh táirgí cosanta ábhartha agus dlús a chur léi, acmhainneachtaí monaraíochta a chruthú nó borradh a chur fúthu, agus laghdú ar a n-aga táirgeachta le haghaidh na dtáirgí cosanta ábhartha ar fud an Aontais, go háirithe a bhuí le comhar trasteorann idir na heintitis dhlíthiúla ábhartha a ghéarú agus a leathnú.

*Airteagal 5*

**Buiséad**

1. Is é EUR 500 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ionstraim a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse óna teacht i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2025.

2. Laistigh den imchlúdach airgeadais a shainítear i mír 1 den Airteagal seo, féadfar suas le EUR 50 milliún a úsáid mar oibríocht mheasctha faoi chuimsiú ‘an Chiste um Borradh’ a shainmhínítear in Airteagal 21.

3. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar na Ballstáit faoi bhainistíocht roinnte a aistriú, arna iarraidh sin dóibh, chuig an Ionstraim, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19]. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 62(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20]. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann.

I gcás nach bhfuil an gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach le haghaidh acmhainní arna n-aistriú i gcomhréir leis an mír seo, féadfar na hacmhainní comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig an gCiste ónar aistríodh iad i dtús báire agus iad a leithdháileadh ar chlár amháin nó níos mó i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán (AE) 2021/1060.

4. Chomh maith leis sin, féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Ionstraim a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

5. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide iad ná bliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

6. Féadfar buiséad na hionstraime a atreisiú, i gcás ina mbeidh gá leis nó i gcás ina gcuirfear síneadh leis an Rialachán, i gcomhréir le hAirteagal 1, an mhír dheireanach.

*Airteagal 6*

**Cistiú carnach agus cistiú malartach**

1. Cuirfear an Ionstraim chun feidhme i sineirgíocht le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht ar tugadh ranníocaíocht di ó chlár eile de chuid an Aontais, féadfar ranníocaíocht a thabhairt di faoin Ionstraim freisin, ar choinníoll nach gcumhdaítear na costais chéanna leis na ranníocaíochtaí. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach leis an ngníomhaíocht. Ní rachaidh an maoiniú carnach thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta. Féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh

---

[19] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159–706).

[20] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lgh. 1–222).

ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid lena leagtar amach na coinníollacha tacaíochta.

2. Chun Séala Barr Feabhais a fháil faoin Ionstraim, comhlíonfaidh gníomhaíochtaí na coinníollacha seo a leanas ar fad:

   (a) rinneadh measúnú orthu i nglao ar thograí faoin Ionstraim;

   (b) comhlíontar leo na ceanglais íosta cháilíochta a bhaineann leis an nglao sin ar thograí;

   (c) ní mhaoinítear iad faoin nglao sin ar thograí i ngeall ar shrianta buiséadacha.

3. Agus Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe nó nua á moladh, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, beidh na Ballstáit in ann bearta a áireamh a rannchuidíonn freisin le cuspóirí na hionstraime seo, go háirithe bearta a bhaineann le tograí a cuireadh isteach le haghaidh glao ar thograí faoin Ionstraim agus ar bronnadh Séala Barr Feabhais orthu.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 8(5) *mutatis mutandis* maidir le gníomhaíochtaí a chistítear i gcomhréir leis an Airteagal seo.

*Airteagal 7*

**Foirmeacha cistithe ón Aontas**

1. Cuirfear an Ionstraim chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus a mhéid a bhaineann le bainistiú an Chiste um Borradh d'Airteagal 21 faoi bhainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1)(c) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. Leis an Ionstraim, féadfar cistiú a sholáthar in aon cheann de na foirmeacha a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear maoiniú i bhfoirm ionstraimí airgeadais laistigh d'oibríochtaí measctha. Déanfar oibríochtaí measctha i gcomhréir le Teideal X de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, Rialachán (AE) 2021/523 agus Airteagal 21 den Rialachán seo.

2. De mhaolú ar Airteagal 193(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, féadfar a chumhdach le ranníocaíochtaí airgeadais, i gcás inarb ábhartha agus inar gá chun gníomhaíocht a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí ar cuireadh tús leo roimh an dáta a cuireadh isteach an togra le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin, ar choinníoll nár cuireadh tús leis na gníomhaíochtaí sin roimh an 20 Márta 2023.

*Airteagal 8*

**Gníomhaíochtaí incháilithe**

1. Ní bheidh incháilithe do chistiú ach gníomhaíochtaí lena gcuirtear chun feidhme na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4.

2. Leis an Ionstraim, tabharfar tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí lena dtabharfar aghaidh ar scrogaill a shainaithneofar in acmhainneachtaí táirgeachta agus i slabhraí soláthair d'fhonn táirgeadh a dhaingniú agus dlús a chur leis chun soláthar éifeachtach agus infhaighteacht thráthúil na dtáirgí cosanta ábhartha a áirithiú.

3. Bainfidh gníomhaíochtaí incháilithe le ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas agus beidh baint eisiach acu le hacmhainneachtaí táirgeachta na dtáirgí cosanta ábhartha, lena n-áirítear a gcomhpháirteanna agus a

n-amhábhair a mhéid atá siad ceaptha nó á n-úsáid go hiomlán chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh:

(a) acmhainneachtaí táirgeachta atá ann cheana a bharrfheabhsú, a leathnú, a nuachóiriú, a uasghrádú nó a atreorú, nó acmhainneachtaí táirgeachta nua a bhunú, i ndáil leis na táirgí cosanta ábhartha nó a n-amhábhair agus a gcomhpháirteanna, a mhéid a úsáidtear na hamhábhair agus na comhpháirteanna sin mar ionchur díreach chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh, go háirithe d’fhonn acmhainneacht táirgeachta a mhéadú nó agaí táirgeachta a laghdú, lena n-áirítear ar bhonn na meaisín-uirlisí riachtanacha agus aon ionchur eile is gá a sholáthar nó a fháil;

(b) comhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann a bhunú, lena n-áirítear trí chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha nó cineálacha eile comhair thionsclaíoch, in iarracht chomhpháirteach thionsclaíoch, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh foinsiú nó caomhnú amhábhar agus comhpháirteanna a chomhordú a mhéid a úsáidtear na hamhábhair agus na comhpháirteanna sin mar ionchur díreach chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh, chomh maith le hacmhainneachtaí táirgeachta agus i gcomhordú pleananna táirgthe;

(c) acmhainneachtaí borrtha monaraíochta caomhnaithe na dtáirgí cosanta ábhartha, na gcomhpháirteanna díobh agus na n-amhábhar a fhorbairt agus a chur ar fáil, a mhéid a úsáidtear na comhpháirteanna agus na hamhábhair sin mar ionchur díreach chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh, i gcomhréir le méideanna táirgeachta a ordaíodh nó atá beartaithe;

(d) tástáil agus, de réir mar is iomchuí, deimhniú agus athriochtú na dtáirgí cosanta ábhartha d’fhonn aghaidh a thabhairt ar a ndífheidhmeacht agus chun gur féidir le húsáideoirí deiridh iad a úsáid;

(e) oiliúint, athsciliú nó uas-sciliú pearsanra i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) den Airteagal seo;

(f) feabhas a chur ar an rochtain ar mhaoiniú atá ag oibreoirí eacnamaíocha ábhartha atá gníomhach i dtáirgeadh nó i gcur ar fáil na dtáirgí cosanta ábhartha, trí fhritháireamh a dhéanamh ar aon chostas breise a eascraíonn go sonrach as earnáil an tionscail cosanta, i gcás infheistíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí a dtugtar tuairisc orthu i bpointí (a) go (e) den Airteagal seo.

4. Ní bheidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe do chistiú faoin Ionstraim:

(a) gníomhaíochtaí a bhaineann le hearraí a tháirgeadh nó le seirbhísí a sholáthar a bhfuil toirmeasc orthu faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme;

(b) gníomhaíochtaí a bhaineann le hairm uathrialaitheacha mharfacha a tháirgeadh gan an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh duine rialú fónta ar chinntí maidir le roghnú agus comhrac, agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine;

(c) gníomhaíochtaí nó codanna díobh, atá á maoiniú go hiomlán cheana féin ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha eile;

(d) gníomhaíochtaí a bhfuil caiteachais i gceist leo a eascraíonn as oibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu.

5. Agus comhaontuithe á dtabhairt i gcrích aige le faighteoirí aonair, áiritheoidh an Coimisiún nach maoineofar leis an ionstraim ach gníomhaíochtaí nach dtéann chun

tairbhe ach d’acmhainneachtaí táirgeachta na dtáirgí cosanta ábhartha, nó dá gcomhpháirteanna agus dá n-amhábhar, a mhéid atá siad ceaptha nó á n-úsáid go hiomlán chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh.

*Airteagal 9*

**Ráta maoinithe**

1. Maoineofar leis an Ionstraim suas le 40 % de na costais incháilithe iomlána a bhaineann le gníomhaíocht incháilithe.

2. De mhaolú ar mhír 1, beidh gníomhaíocht incháilithe do ráta cistiúcháin méadaithe de 10 bpointe céatadáin breise le haghaidh gach ceann de na critéir seo a leanas:

(a) i gcás ina léiríonn iarratasóirí rannchuidiú le comhar nua trasteorann a chruthú idir eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i mBallstáit nó i dtíortha comhlachaithe, mar a thuairiscítear in Airteagal 10(4);

(b) i gcás ina ngeallann iarratasóirí go dtabharfaidh siad tosaíocht, ar feadh thréimhse na gníomhaíochta, d’orduithe a eascraíonn as soláthar comhoibríoch táirgí cosanta ábhartha ag trí Bhallstát nó ag trí thír chomhlachaithe ar a laghad nó as soláthar táirgí cosanta ábhartha ó Bhallstát amháin ar a laghad a sholáthraíonn iad chun táirgí cosanta ábhartha a fuarthas a aistriú chuig an Úcráin. Beidh feidhm ag an ngealltanas sin maidir le soláthar aon táirge a thairbhíonn go díreach nó go hindíreach de thacaíocht faoin Ionstraim seo.

De mhaolú air sin, féadfar a chumhdach le tacaíocht ón ionstraim suas le 100 % de na costais incháilithe a bhaineann le gníomhaíocht dá dtagraítear in Airteagal 8(3), pointe (f).

3. Léireoidh na faighteoirí go bhfuil costais gníomhaíochta nach bhfuil cumhdaithe le tacaíocht ón Aontas le cumhdach trí mhodhanna maoinithe eile.

*Airteagal 10*

**Eintitis incháilithe**

1. Beidh faighteoirí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht ina n-eintitis dhlíthiúla, bídís faoi úinéireacht phoiblí nó phríobháideach, atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe.

2. Maidir leis an mbonneagar, na saoráidí, na sócmhainní nó na hacmhainní de chuid na bhfaighteoirí atá rannpháirteach i ngníomhaíocht agus a úsáidtear chun críocha na gníomhaíochta a fhaigheann tacaíocht ón Ionstraim, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó tíre comhlachaithe ar feadh thréimhse iomlán na gníomhaíochta, agus beidh a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin bunaithe laistigh den Aontas nó i dtír chomhlachaithe.

3. Ní bheidh gnóthas atá bunaithe san Aontas nó i dtír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe incháilithe le bheith ina fhaighteoir atá rannpháirteach i ngníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón Ionstraim ach amháin má chuirtear ráthaíochtaí arna bhformheas ag an mBallstát nó ag an tír chomhlachaithe ina bhfuil an gnóthas bunaithe ar fáil don Choimisiún. Soláthrófar ráthaíochtaí i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta na mBallstát, lena n-áiritheofar nach sáródh rannpháirtíocht i ngníomhaíocht an ghnóthais sin leasanna slándála agus cosanta an

Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear faoi chuimsiú CBES de bhun Theideal V de CAE, nó na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán seo. Tabharfar bunús sna ráthaíochtaí go háirithe go bhfuil bearta i bhfeidhm, chun críocha na gníomhaíochta, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go bhfuil an faighteoir in ann an ghníomhaíocht a dhéanamh agus torthaí a bhaint amach gan aon srian maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní, acmhainní, maoin intleachtúil nó an saineolas is gá chun críocha na gníomhaíochta, nó gan aon srian a dhéanann dochar dá chumais agus dá chaighdeáin a bhfuil gá leo chun an ghníomhaíocht a dhéanamh;

(b) nach bhfuil na táirgí atá á dtáirgeadh ag gnóthais a thairbhigh de thacaíocht airgeadais na hIonstraime faoi réir sriain ó thríú tír neamhchomhlachaithe nó ó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe; agus

(c) go bhfuil cosc ar rochtain a bheith ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe ar fhaisnéis íogair nó rúnaicmithe a bhaineann leis an ngníomhaíocht agus go bhfuil imréiteach náisiúnta slándála, arna eisiúint ag Ballstát nó ag tír chomhlachaithe, ag na fostaithe nó ag daoine eile a bhfuil baint acu leis an ngníomhaíocht, i gcás inarb iomchuí.

4. Má mheasann an Ballstát nó an tír chomhlachaithe ina bhfuil an gnóthas bunaithe go bhfuil siad iomchuí, féadfar tuilleadh ráthaíochtaí a sholáthar.

5. Cuirfidh an Coimisiún an coiste dá dtagraítear in Airteagal 22 ar an eolas faoi aon ghnóthas eile a mheasfar a bheith incháilithe i gcomhréir le mír 3.

*Airteagal 11*

**Critéir dhámhachtana**

Déanfar gach togra a mheasúnú ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas lena dtomhaistear rannchuidiú na ngníomhaíochtaí ábhartha leis an atreisiú tionsclaíoch lena bhféachtar le héifeachtúlacht agus iomaíochas foriomlán EDTIB a chothú, i ndáil leis na táirgí cosanta ábhartha:

(1) Acmhainneacht táirgeachta san Aontas a mhéadú: rannchuidiú na gníomhaíochta, i ndáil leis na táirgí cosanta ábhartha, leis na hacmhainneachtaí monaraíochta a mhéadú, borradh a chur fúthu nó iad a chaomhnú, lena nuachóiriú nó le hathsciliú agus uas-sciliú an lucht saothair lena mbaineann;

(2) Aga seachadta a laghdú: rannchuidiú na gníomhaíochta le sásamh tráthúil an éilimh arna léiriú trí sholáthar i dtéarmaí agaí seachadta laghdaithe, lena n-áirítear trí shásraí lena gcuirtear orduithe in ord tosaíochta arís;

(3) Deireadh a chur le scrogaill foinsithe agus táirgeachta: rannchuidiú na gníomhaíochta chun aon scrogall foinsithe (amhábhar agus aon ionchur eile) nó aon scrogall táirgeachta (cumas monaraíochta) a shainaithint go gasta agus deireadh tapa agus buan a chur leo;

(4) Athléimneacht trí chomhar trasteorann: rannchuidiú na gníomhaíochta le forbairt agus oibríochtú an chomhair trasteorann idir gnóthais atá bunaithe i mBallstáit éagsúla nó i dtíortha comhlachaithe éagsúla, a bhfuil FBManna nó cuideachtaí meánchaipitlithe bainteach go háirithe leo, ar bhealach suntasach, mar fhaighteoirí, mar fhochonraitheoirí nó mar ghnóthais eile sa slabhra soláthair;

(5) Léiriú na n-iarratasóirí ar an nasc idir an ghníomhaíocht agus orduithe nua a eascraíonn as soláthar comhpháirteach táirgí cosanta ábhartha ag trí Bhallstát nó ag trí thír chomhlachaithe ar a laghad, go háirithe má dhéantar an soláthar comhpháirteach sin i gcreat de chuid an Aontais;

(6) Cáilíocht phlean cur chun feidhme na gníomhaíochta, lena n-áirítear i dtéarmaí a phróiseas agus an fhaireacháin a dhéantar air.

*Airteagal 12*

**Clár Oibre**

1. Is trí chlár oibre aonair dá dtagraítear in Airteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a chuirfear an Ionstraim chun feidhme. Leagfar amach leis na cláir oibre, i gcás inarb infheidhme, an méid foriomlán arna chur i leataobh le haghaidh oibríochtaí measctha.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an clár oibre dá dtagraítear i mír 1. Déanfar an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3).

3. Leagfar amach sa chlár oibre na tosaíochtaí cistiúcháin i gcomhréir leis an mapáil dá dtagraítear in Airteagal 13(1) agus obair an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta á cur san áireamh.

## CAIBIDIL III

## SAINAITHINT AGUS MAPÁIL

*Airteagal 13*

**Riachtanais a shainaithint, mapáil agus faireachán a dhéanamh ar acmhainneachtaí**

1. Déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar an obair chomhoibríoch le SEGS agus le GEC i gcomhthéacs an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta, mapáil a bhunú agus a choinneáil ar bun maidir le gnóthais ábhartha atá bunaithe san Aontas agus a oibríonn feadh shlabhraí soláthair na dtáirgí cosanta ábhartha, lena n-áirítear, mar shampla, cineál agus sonraíochtaí na dtáirgí cosanta ábhartha a tháirgtear, a n-acmhainneacht táirgeachta agus a n-áit sa slabhra soláthair.

Ar bhonn na mapála sin, déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na gnóthais a shainaithneofar, faireachán leanúnach ar a n-acmhainneacht táirgeachta agus ar a slabhraí soláthair agus déanfaidh sé measúnú ar a gcumas foriomlán freagairt d’éabhlóid ionchasach éileamh an mhargaidh.

2. Torthaí na mapála nó an nuashonraithe, torthaí an fhaireacháin ar na slabhraí soláthair, agus an measúnú ar chumas foriomlán na ngnóthas sainaitheanta freagairt d’éabhlóid ionchasach éileamh an mhargaidh, déanfaidh an Coimisiún an méid sin a chur faoi bhráid an Choiste, dá dtagraítear in Airteagal 22, agus déanfaidh sé plé rialta leis faoi. Agus é sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an obair a dhéantar i gcomhthéacs na gcruinnithe rialta de na Stiúrthóirí Armála Náisiúnta leis an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta.

3. Ar bhonn faisnéise a bailíodh de bhun mhír 1 agus aird chuí á tabhairt ar an bplé a rinneadh faoi mhír 2, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun

feidhme, liosta de tháirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22(3). Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo maidir leis an ngéarchéim soláthair, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a mbeidh feidhm leo láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 22(4).

4. I gcomhaontú leis an mBallstát ina bhfuil siad bunaithe, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na gnóthais a sholáthraíonn táirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de faisnéis mhionsonraithe a fháil, laistigh de 5 lá oibre, maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) an acmhainneacht táirgeachta iomlán sna táirgí cosanta ábhartha atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de;

   (b) na hathruithe atá ann cheana agus na hathruithe lena bhfuil coinne i stoic na dtáirgí sin;

   (c) aon sceideal reatha den aschur táirgeachta ionchasach do na 3 mhí ina dhiaidh sin do gach saoráid táirgeachta atá lonnaithe san Aontas nó in áit eile;

   (d) aon fhaisnéis bhreise atá ábhartha chun a áirithiú go mbeidh táirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de ar fáil go tráthúil.

5. Gan dochar do leasanna slándála náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis bhreise is gá chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach a sholáthar don Choimisiún.

6. Gan dochar do leasanna slándála náisiúnta agus do chosaint faisnéise rúnda tráchtála a eascraíonn as comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit, i gcás ina mbeidh sé beartaithe ag Ballstát bearta a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta maidir le táirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de ón liosta dá dtagraítear i mír 3 a sholáthar, a cheannach nó a mhonarú, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas go tráthúil.

## CAIBIDIL IV

## SLÁNDÁIL AN tSOLÁTHAIR

*Airteagal 14*

**Orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo**

1. I gcás ina mbeidh deacrachtaí móra ag trí Bhallstát ar a laghad, a bhfuil comhaontú déanta acu nó atá ag smaoineamh ar chomhaontú a dhéanamh chun táirgí cosanta ábhartha a sholáthar go comhoibríoch nó i gcás ina mbeidh deacrachtaí móra ag Ballstát a sholáthair táirgí cosanta ábhartha a fuarthas chun iad a aistriú chuig an Úcráin nó atá ag smaoineamh ar an méid sin a dhéanamh, i gcás ina mbeidh na deacrachtaí sin ann maidir leis an ordú a dhéanamh nó an conradh a fhorghníomhú i ngeall ar ghanntanais nó rioscaí tromchúiseacha i dtaca le ganntanais táirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de agus i gcás ina bhféadfadh na deacrachtaí sin dochar a dhéanamh do shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, féadfaidh na Ballstáit sin a iarraidh ar an gCoimisiún a cheangal ar ghnóthas glacadh le hordú táirgí atá

criticiúil ó thaobh an tsoláthair de, nó tosaíocht a thabhairt don ordú sin ('ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis'), mar a shainmhínítear i mír 3 d'Airteagal 13.

2. Arna iarraidh sin dó, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le Ballstát bunaíochta an ghnóthais lena mbaineann agus lena chomhaontú, fógra a thabhairt don ghnóthas lena mbaineann go bhfuil sé beartaithe aige ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a fhorchur.

Áireofar san fhógra intinne faisnéis faoina bhunús dlí, sonrófar an táirge, na sonraíochtaí agus na cainníochtaí lena mbaineann agus an sceideal agus an teorainn ama ina gcaithfí an t-ordú a dhéanamh, agus luafar ann na cúiseanna a thugann údar le húsáid an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis.

Ón bhfógra intinne, tabharfaidh an gnóthas freagra don Choimisiún laistigh de 5 lá oibre agus luafaidh sé an féidir leis an iarraidh a ghlacadh nó nach féidir. I gcás ina bhfuil gá leis mar gheall ar phráinn na staide, féadfaidh an Coimisiún, bunaithe ar údar cuí a bheith leis an bpráinn sin, an spriocdháta don ghnóthas freagra a thabhairt a laghdú.

I gcás ina ndiúltóidh an gnóthas an iarraidh, tabharfaidh sé míniú mionsonraithe don Choimisiún maidir leis an údar a agraíodh chun an iarraidh a dhiúltú.

I gcás ina nglacfaidh an gnóthas leis an iarraidh, measfar go mbeidh glactha leis an ordú faoi na coinníollacha a dtugtar tuairisc orthu in iarraidh an Choimisiúin i gcomhréir le brí mhír 1 agus beidh an gnóthas faoi cheangal dlí.

3. I gcás ina ndiúltóidh an gnóthas faoina dtugtar fógra an iarraidh a dhéanamh, measfar an t-ordú a bheith diúltaithe. Ag féachaint go cuí do na húdair a agróidh an gnóthas, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhaontú le Ballstát bunaíochta an ghnóthais sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) staonadh ón iarraidh a dhéanamh;

(b) Gníomh Cur Chun Feidhme a ghlacadh lena gcuirtear d'oibleagáid ar na gnóthais lena mbaineann glacadh leis an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis nó é a dhéanamh, ar phraghas cóir réasúnta.

4. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na hagóidí a dhéanfaidh an gnóthas faoi mhír 2 agus luafaidh sé na cúiseanna, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus le cearta bunúsacha an ghnóthais faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, gur ghá é a ghlacadh i bhfianaise na n-imthosca a dtugtar tuairisc orthu i mír 1.

Luafaidh an Coimisiún sa Ghníomh Cur Chun Feidhme bunús dlí an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, socróidh sé an teorainn ama ina ndéanfar an t-ordú, agus leagfaidh sé amach an táirge, na sonraíochtaí, an méid, agus aon pharaiméadar eile atá le comhlíonadh. Luafaidh an Coimisiún freisin na pionóis dá bhforáiltear in Airteagal 15 i gcás neamhchomhlíonadh na hoibleagáide.

5. I gcás ina nglacfaidh an gnóthas leis an iarraidh ón gCoimisiún faoi mhír 2 nó i gcás ina nglacfaidh an Coimisiún Gníomh Cur Chun Feidhme faoi mhír 3, déanfar an méid seo a leanas maidir leis an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis:

(a) cuirfear ar phraghas cóir réasúnta é;

(b) beidh tús áite aige ar aon oibleagáid feidhmíochta faoin dlí príobháideach nó faoin dlí poiblí;

6. I gcás ina gcomhaontaíonn an gnóthas leis an iarraidh ón gCoimisiún faoi mhír 2 nó i gcás ina nglacann an Coimisiún Gníomh Cur Chun Feidhme faoi mhír 3, féadfaidh an gnóthas a iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis i gcás ina measann sé go bhfuil údar cuí leis bunaithe ar cheann de na forais seo a leanas:

(a) mura bhfuil an gnóthas in ann an t-ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a dhéanamh mar thoradh ar chumas táirgeachta nó acmhainneacht táirgeachta neamhleor, fiú i gcás cóir fhabhrach i leith an ordaithe;

(b) dá mbeadh an gnóthas faoi ualach eacnamaíoch míréasúnta agus dá mbeadh cruatan ar leith i gceist don ghnóthas mar thoradh ar ghlacadh an ordaithe.

Soláthróidh an gnóthas an fhaisnéis ábhartha agus chuí-réasúnaithe uile a chuirfidh ar a chumas don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar fhiúntas na n-agóidí a dhéanfar.

Ar bhonn an scrúdaithe ar na cúiseanna agus ar an bhfianaise a sholáthraíonn an gnóthas, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, leasú a dhéanamh ar a ghníomh cur chun feidhme chun an gnóthas lena mbaineann a scaoileadh, go páirteach nó go hiomlán, óna oibleagáidí faoi mhír 2.

7. Chun críche an Rialacháin seo, ní fhéadfar aistrithe táirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de atá faoi réir an ordaithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis a mheas mar aistrithe íogaire de réir bhrí Airteagal 4(8) de Threoir 2009/43/CE.

8. Nuair a bheidh gnóthas atá bunaithe san Aontas faoi réir birt ó thríú tír lena ngabhann ordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi sin. Cuirfidh an Coimisiún an Coiste ar an eolas ansin faoi bhearta den sórt sin a bheith ann.

9. I gcás ina nglacfaidh gnóthas le hordú a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leis nó i gcás ina mbeidh sé d’oibleagáid air é a ghlacadh agus a chur in ord tosaíochta i gcomhréir le míreanna 2 nó 3, déanfar é a chosaint ar aon dliteanas conarthach nó seach-chonarthach i ndáil leis na horduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo a chomhlíonadh. Ní eisiafar an dliteanas ach a mhéid a bhí gá le sárú na n-oibleagáidí conarthacha chun an sannadh tosaíochta a chomhlíonadh a raibh sainordú ann ina leith.

10. Déanfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos na socruithe praiticiúla agus na socruithe oibríochtúla maidir le feidhmiú na n-orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo.

11. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 3 agus 10 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22 (3). Ar mhórchúiseanna práinne a bhfuil údar cuí leo maidir leis an ngéarchéim soláthair, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a mbeidh feidhm leo láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 22(4)

*Airteagal 15*

**Pionóis**

1. I gcás nach gcomhlíonann gnóthas, d’aon ghnó nó trí mhórfhaillí, oibleagáid maidir le tosaíocht a thabhairt d’orduithe a bhfuil rátáil tosaíochta ag baint leo de bhun Airteagal 14, féadfaidh an Coimisiún, le cinneadh, i gcás ina measfar é a bheith riachtanach agus comhréireach, íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur.

2. Ní sháróidh íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla 1.5 % den mheánláimhdeachas laethúil sa bhliain ghnó roimhe sin le haghaidh gach lá oibre de neamhchomhlíonadh na hoibleagáide a ríomhfar ón dáta atá leagtha síos sa chinneadh.

3. Agus méid na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla á shocrú, tabharfar aird ar chineál, tromchúis agus fad an tsáraithe, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail na comhréireachta agus na hoiriúnachta.

4. I gcás ina sásaíonn an gnóthas an oibleagáid a bhí an íocaíocht phionósach thréimhsiúil ceaptha a fhorfheidhmiú, féadfaidh an Coimisiún méid cinntitheach na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a shocrú ag figiúr níos ísle ná an figiúr a bheadh i gceist faoin gcinneadh bunaidh.

5. Beidh dlínse neamhtheoranta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ina bhfuil fíneáil nó íocaíocht phionósach thréimhsiúil socraithe ag an gCoimisiún. Féadfaidh sí an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach thréimhsiúil arna forchur a chealú, a laghdú nó a mhéadú.

6. Cuirfear tús leis an tréimhse an lá a dhéanfar an sárú. I gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, áfach, cuirfear tús leis an tréimhse an lá a thiocfaidh deireadh leis an sárú. Aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún nó údaráis inniúla na mBallstát chun comhlíonadh na bhforálacha sa Rialachán seo a áirithiú, cuirfidh an ghníomhaíocht sin isteach ar an tréimhse theorann. Tosófar ag áireamh an ama as an nua le gach cur isteach. Rachaidh an tréimhse theorann in éag, áfach, ar a dhéanaí, ar an lá a bheidh tréimhse imithe thart atá cothrom le dhá oiread na tréimhse teorann gan íocaíocht phionósach thréimhsiúil a bheith forchurtha ag an gCoimisiún. Déanfar an tréimhse sin a shíneadh leis an am ar cuireadh an tréimhse theorann ar fionraí lena linn mar tá cinneadh an Choimisiúin ina ábhar sna himeachtaí atá ar feitheamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

7. An chumhacht atá ag an gCoimisiún chun cinntí a ghlacfar de bhun an Airteagail seo a fhorfheidhmiú, beidh sí faoi réir thréimhse theorann 3 bliana. Cuirfear tús leis an tréimhse an lá a bheidh an cinneadh críochnaitheach. Cuirfear isteach ar an tréimhse theorann maidir le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur: (a) trí fhógra maidir le cinneadh lena n-athraítear méid bunaidh na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla nó lena ndiúltaítear d’iarratas ar athrú; (b) le gníomhaíocht ar bith a dhéanfaidh an Coimisiún nó a dhéanfaidh Ballstát, ag gníomhú arna iarraidh sin don Choimisiún, agus a cheaptar chun íocaíocht na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a fhorfheidhmiú. Tosófar ag áireamh an ama as an nua le gach cur isteach. Cuirfear an tréimhse theorann maidir le forfheidhmiú íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ar fionraí fad: (a) a cheadaítear am chun an íocaíocht a dhéanamh; (b) a chuirtear forfheidhmiú na híocaíochta ar fionraí de bhun cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais.

*Airteagal 16*

**An ceart chun éisteacht a fháil maidir le forchur fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla**

1. Sula nglacfaidh an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 15, tabharfaidh sé deis don ghnóthas lena mbaineann éisteacht a fháil maidir leis an méid seo a leanas: (a) réamhthorthaí an Choimisiúin, lena n-áirítear aon ábhar a ndearna an Coimisiún agóidí ina aghaidh; (b) bearta a d’fhéadfadh sé a bheith i gceist ag an gCoimisiún a dhéanamh i bhfianaise na réamhchinntí de bhun phointe (a) den mhír seo.

2. Féadfaidh na gnóthais lena mbaineann a gcuid tuairimí a chur faoi bhráid réamhthorthaí an Choimisiúin laistigh de theorainn ama a shocróidh an Coimisiún ina réamhthorthaí agus nach bhféadfaidh a bheith níos lú ná 14 lá oibre.

3. Ní bhunóidh an Coimisiún a chuid cinntí ach ar na hagóidí a raibh na gnóthais lena mbaineann in ann barúil a thabhairt ina leith.

4. Déanfar cearta cosanta an ghnóthais lena mbaineann a urramú go hiomlán in aon imeacht. Beidh an gnóthas i dteideal rochtain a fháil ar chomhad an Choimisiúin faoi théarmaí nochta idirbheartaithe, faoi réir leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint. Ní áireofar leis an gceart rochtana ar an gcomhad faisnéis rúnda agus doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin nó de chuid údaráis na mBallstát. Ní áireofar leis an gceart rochtana comhfhreagras idir an Coimisiún agus údaráis na mBallstát go háirithe. Ní chuirfidh rud ar bith sa mhír seo cosc ar an gCoimisiún faisnéis atá riachtanach chun sárú a chruthú a nochtadh agus a úsáid.

*Airteagal 17*

**Dlús a chur leis an bpróiseas deonaithe ceadanna maidir le hinfhaighteacht agus soláthar tráthúil táirgí cosanta ábhartha**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar iarratais riaracháin a bhaineann le saoráidí táirgeachta a phleanáil, a thógáil agus a oibriú, aistrithe ionchur laistigh den Aontas agus cáiliú agus deimhniú táirgí deiridh a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil. Chun an méid sin a bhaint amach, áiritheoidh na húdaráis náisiúnta uile lena mbaineann go gcaithfear chomh mear agus is féidir de réir dlí leis na hiarratais sin.

2. Sa phróiseas pleanála agus deonaithe ceadanna, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar tosaíocht do thógáil agus d'oibriú gléasraí agus suiteálacha chun táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh agus leasanna dlíthiúla á gcothromú sa chás aonair.

*Airteagal 18*

**Leanúnachas tháirgeadh na dtáirgí cosanta ábhartha**

1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 17(3) de Threoir 2003/88/CE a úsáid nó féadfaidh siad cuideachtaí atá ag obair i réimse na dtáirgí cosanta ábhartha a spreagadh chun iad a úsáid ionas go bhféadfar athruithe oibre a leathnú, rud a éascóidh leanúnachas an táirgthe i réimse na dtáirgí cosanta ábhartha, má mheasann siad gur gá sin chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach.

2. Chuige sin agus i gcás ina mbeidh gá le réamhúdarú, áiritheoidh gach údarás náisiúnta lena mbaineann go gcaithfear chomh mear agus is féidir de réir dlí le hiarratais ó chuideachtaí atá ag obair i réimse na dtáirgí cosanta ábhartha chun na maoluithe sin a úsáid.

*Airteagal 19*

**Soláthar comhoibríoch a éascú le linn na géarchéime soláthair armlóin atá ann faoi láthair**

1. I gcás ina ndéanfaidh trí Bhallstát ar a laghad comhaontú chun táirgí cosanta ábhartha a sholáthar go comhoibríoch agus i gcás nach féidir aon cheann de na nósanna imeachta dá bhforáiltear le Treoir 2009/81/CE a úsáid chun

creat-chomhaontú a dhámhachtain mar gheall ar an ngéarchéim reatha de bharr fhogha na Rúise faoin Úcráin, féadfar na rialacha seo a leanas a chur i bhfeidhm.

2. De mhaolú ar Airteagal 29(2), an dara fomhír, de Threoir 2009/81/CE, féadfaidh údarás conarthach creat-chomhaontú atá ann cheana a mhodhnú, ar creat-chomhaontú é a dámhadh trí cheann de na nósanna imeachta dá bhforáiltear le hAirteagal 21 de Threoir 2009/81/CE, ionas go bhféadfaidh feidhm a bheith ag a fhorálacha maidir le húdaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha nach raibh ina bpáirtithe sa chreat-chomhaontú ar dtús.

3. De mhaolú ar Airteagal 29(2), an tríú fomhír, de Threoir 2009/81/CE, féadfaidh údarás conarthach leasuithe substaintiúla a dhéanamh ar na cainníochtaí a leagtar síos i gcreat-chomhaontú atá ann cheana a mhéid is fíorghá chun mír 2 a chur i bhfeidhm. I gcás ina ndéantar cainníochtaí a leagtar síos i gcreat-chomhaontú atá ann cheana a mhodhnú go substaintiúil de bhun na míre seo, tabharfaidh an t-údarás conarthach deis, trí fhógra *ad hoc* a fhoilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, d'aon oibreoir eacnamaíoch, a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagadh síos ar dtús sa chreat-chomhaontú, páirt a ghlacadh sa chreat-chomhaontú sin.

4. Beidh feidhm ag prionsabal an neamh-idirdhealaithe maidir le creat-chomhaontuithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 maidir leis na cainníochtaí breise, agus go háirithe idir údaráis chonarthacha na mBallstát dá dtagraítear i mír 1.

5. Déanfaidh údaráis chonarthacha, a mbeidh modhnú déanta acu ar chonradh sna cásanna a leagtar amach faoi mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, fógra a fhoilsiú chuige sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Foilseofar an fógra sin i gcomhréir le hAirteagal 32 de Threoir 2009/81/CE.

6. Ní fhéadfaidh údaráis chonarthacha/eintitis chonarthacha an tAirteagal seo a úsáid go míchuí ná ar bhealach a dhéanfaidh iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh.

7. Ní dhéanfar modhnuithe a thabharfar isteach sna creat-chomhaontuithe dá dtagraítear san Airteagal seo a thabhairt i gcrích tar éis an 30 Meitheamh 2025.

*Airteagal 20*

**Aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a éascú**

1. De mhaolú ar Airteagal 4(1) de Threoir 2009/43/CE, ní bheidh aistriú na dtáirgí seo a leanas a bhaineann le cosaint idir na Ballstáit faoi réir réamhúdarú:

   (a) armlón agus gairis socraithe aidhnín, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh, mar a liostaítear sa tríú catagóir den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE (an tríú catagóir de Liosta Míleata an Aontais – ML3);

   (b) diúracáin agus trealamh gaolmhar agus gabhálais ghaolmhara, agus comhpháirteanna a saindearadh lena n-aghaidh, mar a liostaítear sa cheathrú catagóir den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2009/43/CE (an ceathrú catagóir de Liosta Míleata an Aontais – ML4).

2. Déanfar aon aistriú i gcomhréir leis an maolú a leagtar amach i mír 1 a chur in iúl, mar fhaisnéis, don Bhallstát tionscnaimh.

3. Ní dhéanann an tAirteagal seo difear do lánrogha na mBallstát a mhéid a bhaineann le beartas um onnmhairiú táirgí a bhaineann le cosaint a chumhdaítear le mír 1.

## CAIBIDIL V

## FORÁLACHA SONRACHA IS INFHEIDHME MAIDIR LE ROCHTAIN AR MHAOINIÚ

*Airteagal 21*

**An Ciste um Borradh**

1. Féadfar saoráid mheasctha a bhunú, ar a dtabharfar an 'Ciste um Borradh' lena moltar réitigh fiachais, chun infheistíochtaí a ghiaráil, an riosca a bhaint díobh agus dlús a chur leo, ar infheistíochtaí iad a bhfuil gá leo chun acmhainneachtaí monaraíochta a mhéadú.

2. Leagtar amach na cuspóirí sonracha a shaothraítear leis an gCiste um Borradh mar a leanas:

   (a) feabhas a chur ar an éifeacht ghiarála ar chaiteachas bhuiséad an Aontais agus éifeacht iolraitheora níos airde a bhaint amach i dtaobh maoiniú a mhealladh ón earnáil phríobháideach;

   (b) tacaíocht a sholáthar do chuideachtaí a bhfuil deacrachtaí acu maoiniú a fháil, agus aghaidh a thabhairt ar an ngá le bonn taca a chur faoi athléimneacht thionscal cosanta an Aontais;

   (c) dlús a chur leis an infheistíocht i réimse an mhonaraithe táirgí cosanta ábhartha agus cistiú a ghiaráil ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, agus slándáil an tsoláthair do shlabhra luacha iomlán thionscal cosanta an Aontais á méadú ag an am céanna;

   (d) rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí ar a dtugtar tuairisc i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 8(3).

## CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 22*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Tabharfar cuireadh don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint a barúlacha agus a saineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir. Tabharfar cuireadh freisin don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cúnamh a thabhairt don choiste.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

*Airteagal 23*

**Slándáil Faisnéise**

1. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis rúnaicmithe a gheofar i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chosaint i gcomhréir leis na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún[21].

2. Bainfidh an Coimisiún úsáid as córais malartaithe shlána atá ann cheana nó a bhunófar chun malartú faisnéise íogaire agus rúnaicmithe a éascú idir an Coimisiún, an tArdionadaí, an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint, na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, na heintitis dhlíthiúla atá faoi réir na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo. Cuirfear rialacháin náisiúnta slándála na mBallstát san áireamh sa chóras sin.

*Airteagal 24*

**Rúndacht agus próiseáil na faisnéise**

1. Ní úsáidfear faisnéis a gheofar mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo ach amháin chun na críche ar iarradh í.

2. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go gcosnófar rúin trádála agus ghnó agus faisnéis íogair agus rúnaicmithe eile a gheofar agus a chruthófar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, lena n-áirítear moltaí agus bearta a dhéanfar, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta faoi seach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún nach ndéanfar an fhaisnéis rúnaicmithe a chuirtear ar fáil nó a mhalartaítear faoin Rialachán seo a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir.

4. Ní roinnfidh an Coimisiún aon fhaisnéis ar bhealach a d'fhéadfadh oibreoir aonair a shainaithint nuair a d'fhéadfadh damáiste tráchtála nó clú tarlú don oibreoir sin mar thoradh ar an bhfaisnéis a roinnt nó aon rún trádála a nochtadh.

*Airteagal 25*

**Cosaint sonraí pearsanta**

1. Beidh an Rialachán seo gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát a bhaineann leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] agus faoi Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23], nó d'oibleagáidí an Choimisiúin agus, i gcás inarb iomchuí, institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, a bhaineann leis an bpróiseáil a dhéanann siad ar shonraí pearsanta faoi Rialachán

---

[21] Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lgh. 53-88).

[22] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88).

[23] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lgh. 37-47).

(AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24], agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu.

2. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil ná a chur in iúl ach amháin i gcásanna ina bhfuil géarghá leis sin chun críocha an Rialacháin seo. I gcásanna den sórt sin, beidh feidhm ag coinníollacha Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 de réir mar is iomchuí.

3. I gcás nach mbeidh próiseáil sonraí pearsanta fíor-riachtanach chun na sásraí a bhunaítear sa Rialachán seo a chomhlíonadh, déanfar sonraí pearsanta anaithnid ar bhealach nach féidir an t-ábhar sonraí a aithint.

*Airteagal 26*

**Iniúchtaí**

Is é a bheidh mar bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais na hiniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis seachas iad sin ar thug institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais sainordú dóibh. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais a bhaineann le hioncam agus caiteachas uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE.

*Airteagal 27*

**Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**

I gcás ina mbeidh tír chomhlachaithe rannpháirteach san Ionstraim trí bhíthin an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, tabharfaidh an tír chomhlachaithe na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin atá freagrach, do OLAF agus don Chúirt Iniúchóirí chun a n-inniúlachtaí faoi seach a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áiritheofar sna cearta sin an ceart imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013.

*Airteagal 28*

**Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht**

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí sin agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe ón Aontas, go háirithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an Ionstraim, le gníomhaíochtaí a dhéantar de bhun na hIonstraime agus leis na torthaí a bhaintear amach.

---

24 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 39–98).

3. Beidh na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an gCiste ina rannchuidiú freisin chun cumarsáid chorparáideach a dhéanamh i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, a mhéid a bhaineann na tosaíochtaí sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 4.

4. Trí acmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gCiste, féadfar rannchuidiú freisin le heagrú gníomhaíochtaí scaipthe, imeachtaí meaitseála agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta, go háirithe iad sin a mbeadh sé d'aidhm acu slabhraí soláthair a oscailt chun rannpháirtíocht trasteorann FBManna a chothú.

*Airteagal 29*

**Meastóireacht**

1. Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2024, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas ina ndéanfar meastóireacht ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo agus ar thorthaí na mbeart sin, chomh maith leis an deis a n-infheidhmeacht a leathnú agus foráil a dhéanamh maidir lena gcistiú, go háirithe maidir le héabhlóid an chomhthéacs slándála. Cuirfidh an tuarascáil mheastóireachta le comhairliúcháin na mBallstát agus na bpríomhpháirtithe leasmhara agus cuirfear in iúl í do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

2. Agus an tuarascáil mheastóireachta á cur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún tograí a chur isteach maidir le haon leasú iomchuí ar an Rialachán seo, go háirithe d'fhonn leanúint d'aghaidh a thabhairt ar aon riosca leanúnach i ndáil leis na táirgí cosanta ábhartha a sholáthar.

*Airteagal 30*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo go dtí an 30 Meitheamh 2025. Ní dhéanfaidh sé sin difear do leanúnachas ná do mhodhnú gníomhaíochtaí a thionscnófar de bhun an Rialacháin seo, do gach gníomhaíocht is gá chun leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint ná do na cumhachtaí a thabharfar don Choimisiún chun pionóis a fhorchur i gcomhréir le hAirteagal 15.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

### 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

### 1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus*

*measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

**3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Beartas tionsclaíoch cosanta an Aontais

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☑ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[25]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Bunaítear leis an nGníomh sraith beart atá dírithe ar fhreagrúlacht agus cumas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a neartú go práinneach chun infhaighteacht agus soláthar tráthúil armlóin talamh go talamh agus armlóin airtléire chomh maith le diúracáin a áirithiú (dá ngairtear 'táirgí cosanta ábhartha' anseo feasta), go háirithe tríd an méid seo a leanas:

- Ionstraim chun tacaíocht airgeadais a thabhairt do chuideachtaí cosanta a tháirgeann táirgí cosanta ábhartha tríd an slabhra luacha.

- Mapáil agus faireachán leanúnach ar tháirgí cosanta ábhartha, a gcomhpháirteanna agus ar ionchuir criticiúla, chun táirgí cosanta atá criticiúil ó thaobh an tsoláthair de a shainaithint.

- Sásraí, prionsabail agus rialacha sealadacha chun infhaighteacht na dtáirgí cosanta atá ábhartha do na Ballstáit a éascú.

#### *1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Ní bhaineann le hábhar

#### *1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

An toradh a bhfuiltear ag súil leis: Beidh an Ionstraim ina cuidiú le Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a atreisiú, éascófar leis oiriúnú an Bhoinn sin d'athruithe struchtúracha leanúnacha sa mhargadh, agus ar an gcaoi sin rannchuideofar le hinfhaighteacht agus soláthar tráthúil armlóin airtléire talamh go talamh mar aon le diúracáin (táirgí cosanta ábhartha). Is ann d'acmhainneachtaí monaraíochta san Aontas i réimse an armlóin talamh go talamh agus an armlóin airtléire, chomh maith le diúracáin. Mar sin féin, cuireadh

[25] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

acmhainneachtaí táirgeachta in oiriúint do ré na síochána, ina raibh éileamh beag, agus mar thoradh air sin tá leibhéal íosta stoc agus soláthróirí éagsúlaithe ar fud an domhain chun costais a laghdú, rud a nochtann earnáil cosanta an Aontais do spleáchais. Mar thoradh air sin, leis an acmhainneacht mhonaraíochta atá ann faoi láthair agus na slabhraí soláthair agus luacha atá ann cheana, ní chumasaítear seachadadh táirgí cosanta ar bhealach slán tráthúil chun riachtanais na mBallstát a chomhlíonadh ar mhaithe lena gceanglas slándála féin agus chun leanúint de bheith ag tacú le riachtanais na hÚcráine. Ba cheart do ranníocaíocht airgeadais an Aontais a bheith ina rannchuidiú le leas a bhaint as roinnt gníomhaíochtaí a bhfuil géarghá iad a dhéanamh chun infhaighteacht thráthúil agus soláthar táirgí cosanta ábhartha do na Ballstáit a áirithiú. Tá an táirgeacht Eorpach lán cheana féin agus í nach mór ag leibhéal lánacmhainneachta ó na Ballstáit nó ó orduithe tríú tíortha, rud a fhágann go bhfuil bís praghsanna ann. Dá bhrí sin, tá gá le bearta breise maidir le beartas tionsclaíoch an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 173 (3), chun tacú le tionscal an Aontais a tháirgeadh a mhéadú, chun a aga seachadta a laghdú agus chun aghaidh a thabhairt ar scrogaill a d'fhéadfadh moill nó bac a chur ar sholáthar agus ar tháirgeadh táirgí cosanta ábhartha.

<u>An tionchar a mheastar a bheidh ann:</u>

Le ranníocaíocht EUR 500 milliún ón Aontas, d'fhéadfaí dreasacht iomchuí a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach i monaraíocht táirgí cosanta ábhartha chun tús a chur le bearta chun dlús a chur lena n-acmhainneachtaí táirgeachta agus / nó infheistíocht a éascú lasmuigh den slabhra soláthair. Beidh sé ina cuidiú leis an aga táirgthe a laghdú maidir leis na táirgí cosanta ábhartha a tháirgeadh agus, san am céanna, éascófar infheistíocht chun go mbeidh an tionscal in ann níos mó a tháirgeadh agus ar bhealach níos tapúla. Tacófar freisin leis an gcomhar tionsclaíoch agus leis an gcomhordú ar fhoinsiú amhábhar.

Mar thoradh air sin, cothófar leis an ionstraim iomaíochas thionscal cosanta na hEorpa atá rannpháirteach i dtáirgeadh na dtáirgí sin. Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, tá coinne le buntáistí a thiocfaidh as infheistíochtaí breise in EDTIB, ar buntáistí iad a mhéid a bhaineann le poist a chruthú, scileanna agus feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair.

### 1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Agus an tréimhse ghearr cur chun feidhme á cur san áireamh, déanfar measúnú ar thorthaí agus ar thionchair na hIonstraime faoi mheastóireacht shiarghabhálach ag deireadh chur chun feidhme an chláir.

Na táscairí riachtanacha a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an t-eintiteas, a gcuirfear cur chun feidhme an chláir ar a iontaoibh, na táscairí sin i bhfeidhm. Áireofar leo sin:

- méadú ar an acmhainneacht táirgeachta le haghaidh táirgí cosanta ábhartha laistigh den Aontas

- aga táirgthe a laghdú

- líon na n-oibreoirí eacnamaíocha a fhaigheann rochtain éascaithe ar mhaoiniú

- líon na gcomhar trasteorann nua le gnóthais arna mbunú i mBallstáit eile nó i dtíortha comhlachaithe eile

### 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Cuirfear an Rialachán chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach. Is gá na saineolaithe iomchuí a bheith ar fhoireann an Choimisiúin chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an gcur chun feidhme.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Mar a léiríodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Bearnaí Infheistíochta i réimse na cosanta agus an bealach chun tosaigh (JOIN/2022/24 final), i ngeall ar bhlianta fada de thearcinfheistíocht cruthaítear bearnaí sna cumais chosanta atá ar fáil d'fhórsaí armtha na mBallstát, chomh maith le bearnaí tionsclaíocha laistigh den Aontas. Le hilroinnt an éilimh, cruthaíodh freisin sadhlanna tionsclaíocha náisiúnta agus, dá réir sin, an iliomad córas cosanta den chineál céanna, ar córais iad nach mbíonn idir-inoibritheach le chéile go minic. I gcomhthéacs an mhargaidh cosanta atá ann faoi láthair, lena mbaineann bagairt mhéadaithe slándála, tá na Ballstáit ag méadú a mbuiséad cosanta go tapa agus tá siad ag díriú ar cheannacháin chomhchosúla trealaimh. Mar thoradh air sin, tá éileamh ar airtléire talamh go talamh agus ar armlón, chomh maith le diúracáin lena sáraítear acmhainneachtaí monaraíochta EDTIB le haghaidh táirgí den sórt sin, ar acmhainneachtaí iad atá curtha in oiriúint faoi láthair do ré na síochána. Sa chomhthéacs sin, tá gá le hinfheistíochtaí móra ar ina leith a bheidh laghdú rioscaí ag teastáil ó chuideachtaí cosanta chomh maith le tacaíocht rialála chun deireadh a chur le scrogaill atá ann cheana amhail rochtain ar phearsanra oilte agus amhábhair, ar cuideachtaí iad nach ngabhann d'infheistíochtaí tionsclaíocha móra féinmhaoinithe de ghnáth. Le hidirghabháil an Aontais tríd an riosca a bhaineann le hinfheistíochtaí tionsclaíocha a laghdú trí bhíthin deontas, beifear in ann oiriúnú níos tapúla d'athrú struchtúrach leanúnach sa mhargadh. Leis na bearta atá beartaithe, spreagfar athléimneacht EDTIB freisin trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha trasteorann agus trí chomhar idir cuideachtaí ábhartha i gcomhiarracht tionscail ionas nach rachaidh ilroinnt na slabhraí soláthair in olcas.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ní bhaineann le hábhar

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Leis an Ionstraim, comhlánófar ionstraimí de chuid an Aontais atá beartaithe amhail an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch, agus cláir de chuid an Aontais atá ann cheana amhail an Ciste Eorpach Cosanta chomh maith le tionscnaimh chosanta de chuid an Aontais amhail an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO) nó an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint. Leis an Ionstraim, cruthófar sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais freisin.

| |
|---|
| |

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

| Ní bhaineann le hábhar |
|---|

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ i bhfeidhm ó 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2025

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2023 go 2024 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2023 go 2028 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[26]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a sholáthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

| |
|---|
| Cuirfear an ionstraim chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, agus a mhéid a bhaineann le bainistiú an Chiste um Borradh d’Airteagal 21, féadfaidh an cur chun feidhme a dhéanamh faoi bhainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 61(1)(c) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. |

[26] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

I gcomhréir le hairteagal 29 den Ionstraim, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta a tharraingt suas tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2024 le haghaidh na hionstraime agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar thionchar agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí faoin Ionstraim. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún na socruithe faireacháin is gá i bhfeidhm chun a áirithiú go mbaileofar na sonraí ábhartha ar bhealach iontaofa rianúil.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is ar an gCoimisiún a bheadh an fhreagracht fhoriomlán as an Ionstraim a chur chun feidhme. Go sonrach, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Ionstraim a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach (cé is moite den Chiste um Borradh, ar ciste é is féidir a chur chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach). Trí mhodh na bainistíochta dírí a úsáid, soiléirítear na freagrachtaí (cur chun feidhme a dhéanann oifigigh údarúcháin), giorraítear an slabhra seachadta (laghdú ar an am chun deontas a thabhairt agus ar an am chun íocaíocht a dhéanamh), seachnaítear coinbhleachtaí leasa agus laghdaítear costais cur chun feidhme (gan táillí bainistíochta d'eintiteas ar cuireadh cúram air).

Ba cheart don Choimisiún na tosaíochtaí agus na coinníollacha cistiúcháin a shainiú trí chlár oibre ilbhliantúil amháin. Ba cheart obair an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta a bheith ina tacú le sainiú na dtosaíochtaí. Ba cheart Coiste Cláir Ballstát a bhunú agus ba cheart a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint a tuairimí agus a saineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir, agus ba cheart a iarraidh ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, lena n-áirítear a Foireann Mhíleata, cúnamh a thabhairt ar an gcoiste. Ghlacfadh an Coimisiún an clár oibre ilbhliantúil tar éis dó tuairim an choiste faoin nós imeachta scrúdúcháin a fháil.

Beidh an cistiú faoin Ionstraim i bhfoirm deontas lena gcumhdófar suas le 100 % de chostais na gníomhaíochta, chomh maith le hiasachtaí. Féadfaidh an Coimisiún roghanna costais simplithe (e.g. cnapshuimeanna) a úsáid ina dheontais chun an t-ualach riaracháin ar na tairbhithe a laghdú agus an iarracht a dhíriú ar thorthaí na ngníomhaíochtaí.

Ullmhófar an scéim íocaíochta agus togra an tairbhí á chur san áireamh (chun go mbeidh an tairbhí in ann aon saincheist státchiste a sheachaint) agus cosaint bhuiséad an Aontais á háirithiú san am céanna. Féadfaidh an Coimisiún, mar údarás deonaithe – i gcás easpa cur chun feidhme nó cur chun feidhme uireasach maidir leis na gníomhaíochtaí nó moilleanna – a ranníocaíocht airgeadais a laghdú, a choinneáil siar nó a fhoirceannadh.

Leis an straitéis rialaithe don chlár, lena n-áirítear rialuithe *ex-ante* agus *ex-post*, tógfar ar an taithí a fuarthas in EDF, agus ina chláir réamhtheachtacha, EDIDP agus PADR.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá sé i gceist leis an Ionstraim tacú le dlús a chur leis an acmhainneacht monaraíochta.

Is iad na rioscaí a bhaineann leis an ionstraim méid buiséadach neamhleor i gcomparáid leis na riachtanais iarbhír, deacrachtaí maidir leis scrogaill laistigh den táirgeadh a shainaithint, an phráinn maidir le riachtanais fhórsaí armtha an Aontais i gcomparáid leis na próisis táirgthe. Is réamhchoinníoll í an ionstraim a bheith comhlántach le tionscnaimh eile a chomhaontaigh an Chomhairle chun tacú le Fórsaí Armtha an Aontais Eorpaigh agus leis an Úcráin, agus an t-éileamh idir na Ballstáit a chomhordú.

Dá bhrí sin, dhéanfadh an Coimisiún an Ionstraim a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, ag tógáil ar an saineolas a fuarthas ó chur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta, aon chlár oibre ilbhliantúil amháin a ullmhú agus a ghlacadh, an t-am a ghiorrú chun maoiniú.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Cuirfear buiséad an chláir chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach. Bunaithe ar thaithí an Choimisiúin ar bhainistiú deontais, meastar gur níos lú ná 1 % de na cistí gaolmhara arna mbainistiú a bheidh i gcostais fhoriomlána rialaithe na hIonstraime don Choimisiún.

Maidir leis an ráta/na rátaí earráide a mheastar a bheidh ann, is é an aidhm an ráta earráide a choinneáil faoi bhun na tairsí 2 %. Más rud é go gcuirfear an clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, le foirne oilte (foireann a bhfuil taithí acu, a d'fhéadfaí a earcú ó Aireachtaí Cosanta na mBallstát) agus foirne ina bhfuil go leor ball a ghníomhaíonn faoi oifigigh údarúcháin tharmligthe, a chuireann rialacha soiléire i bhfeidhm agus a bhaineann úsáid iomchuí as ionstraimí bunaithe ar aschur, measann an Coimisiún go gcoimeádfar ráta earráide faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 %.

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

*Sonraigh na bearta coiscTheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Tá an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inniúil chun imscrúduithe a dhéanamh ar oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin tionscnamh seo. Déanfar foráil sna comhaontuithe a thiocfaidh as an Rialachán seo, lena n-áirítear comhaontuithe a chuirtear i gcrích le heagraíochtaí idirnáisiúnta, maidir le maoirseacht agus rialú airgeadais a dhéanfaidh an Coimisiún, nó aon ionadaí a údaróidh sé, agus maidir le hiniúchtaí a dhéanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) nó OLAF, ar an

láthair más gá. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin a bhfuil an t-imréiteach slándála is gá faighte acu cuairteanna a thabhairt ar an láthair freisin.

**AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[27]. | ó thíortha de chuid CSTE[28] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[29] | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | | LD/LN. | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 5 | 13.0105 | Neamhdhifreáilte | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |
| 5 | 13.0602 | Difreáilte | TÁ | NÍL | NÍL | NÍL |

27 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

28 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

29 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. Foinsí maoiniúcháin agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an nGníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin

*3.2.1. Foinse maoiniúcháin na leithreasuithe faoin nGníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| EDIRPA | 157.000 | 83.000 | | | | 240.000 |
| Cumas EDF | | 174.000 | | | | 174.000 |
| Taighde EDF | | 86.000 | | | | 86.000 |
| Iomlán | 157.000 | 343.000 | | | | 500.000 |

Dá dtiocfadh corrlaigh bhuiséadacha chun cinn le haghaidh 2023 agus 2024, mholfadh an Coimisiún don údarás buiséid iad a leithdháileadh ar an gCiste Eorpach Cosanta suas le EUR 100 milliún.

*3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 5 | Slándáil agus Cosaint – Braisle 13 Cosaint |
|---|---|---|

| | | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **Tar éis 2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | |
| 13.0602 An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú | Gealltanais | (1) | 156.000 | 343.000 | | | | | **500.000** |
| | Íocaíochtaí | (2) | | 78.500 | 171.500 | 54.950 | 120.050 | 75.000 | **500.000** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[30] | | | | | | | | | |
| 13.0105 Caiteachas tacaíochta don Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | 1.000 | p.m. | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =1+3 | 157.000 | 343.000 | | | | | **500.000** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | 1.000 | 78.500 | 171.500 | 54.950 | 120.050 | 74.000 | **500.000** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’ |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **Tar éis 2027** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | 1.554 | 2.500 | 2.500 | 2.158 | 2.158 | 1.801 | **12.671** |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0.233 | 0.288 | 0.067 | 0.067 | 0.057 | 0.052 | **0.764** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **1.787** | **2.788** | **2.567** | **2.225** | **2.215** | **1.853** | **13.435** |

[30] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Tar éis 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 158.787 | 345.788 | 2.567 | 2.225 | 2.215 | 1.853 | **513.435** |
| | Íocaíochtaí | 2.787 | 81.288 | 174.067 | 57.175 | 122.265 | 75.853 | **513.435** |

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Tar éis 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 1.554 | 2.500 | 2.500 | 2.158 | 2.158 | 1.801 | **12.671** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.233 | 0.288 | 0.067 | 0.067 | 0.057 | 0.052 | **0.764** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **1.787** | **2.788** | **2.567** | **2.225** | **2.215** | **1.853** | **13.435** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[31] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **1.787** | **2.788** | **2.567** | **2.225** | **2.215** | **1.853** | **13.435** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

31 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Tar éis 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 8 | 13 | 13 | 11 | 11 | 10 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| ○ **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[32] | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’) | | 2 | 3 | 3 | 3 | 3 | 1 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [33] | - sa cheanncheathrú | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **10** | **16** | **16** | **14** | **14** | **11** |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Beidh gá le 8 FTE (8 AD) chun an Ionstraim a bhunú in 2023 agus chun tús a chur leis na chéad ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear mapáil na ngníomhaithe eacnamaíocha i slabhraí soláthair na dtáirgí cosanta ábhartha agus ullmhú an chláir oibre; 13 FTE (10 AD agus 3 AST) chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme agus laghdófar an líon sin go 10 (8 AD agus 2 AST) in 2028 chun faireachán oibríochtúil, airgeadais agus dlíthiúil a áirithiú ar chur chun feidhme na dtionscadal (lena n-áirítear tabhairt i gcrích). |
| Pearsanra seachtrach | 2 FTE chun tús a chur leis na gníomhaíochtaí (2 SNE) agus méadófar an líon sin go 3 (1 AC agus 2 SNE) sula laghdófar é go 1 in 2028 (1 AC) chun faireachán oibríochtúil, airgeadais agus dlíthiúil a áirithiú ar chur |

32 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

33 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte ‘BA’).

| | |
|---|---|
| | chun feidhme na dtionscadal (lena n-áirítear tabhairt i gcrích). |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Athdháileadh leithreasuithe ó EDF agus EDIRPA, faoi Cheannteideal 5 araon. Tuilleadh faisnéise faoi na línte lena mbaineann agus faoi athdháileadh bliantúil i Roinn 3.2.1 |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N**[34] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

34 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam eile

– má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[35] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

35 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.